Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

Rialáil a Chur Chun Cinn, an Pobal a Chosaint

Tuarascáil Bhliantúil CORU 2025

ÁR MISEAN

An pobal a chosaint trí iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe



Clár Ábhair

Ráiteas Chathaoirleach na Comhairle	2
Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	4
Maidir le CORU	7
CORU: Súil siar ar an mBliain 2025	9
Cé muid féin	12
Tosaíochtaí Straitéiseacha 2025	14
Seirbhísí Corparáideacha	28
Córais Dhigiteacha agus Cháilíochta	32
Dearbhú Cáilíochta Oideachais	34
Gnóthaí Dlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh	37
Aitheantas	38
Clárú	39
Straitéis agus Beartas	42
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh	44

Tuarascáil Bhliantúil na mBord Clárúcháin 2025 46

1	Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach	47
2	Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine	49
3	Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair	52
4	An Bord Clárúcháin Súil-Liachta	55
5	Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí	59
6	Bord Clárúcháin na gCoslianna	62
7	Bord Clárúcháin na Radagrafaithe	65
8	Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh	68
9	Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta	71
10	Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga	74
11	Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí	78
12	Bord Clárúcháin na Síceolaithe	81

Aguisíní

Aguisín 1 - Ceapacháin chun na Comhairle	83
Aguisín 2 - Freastal ar chruinnithe na Comhairle	85
Aguisín 3 - Freastal ar chruinnithe na gCoistí	87

Ráiteas Chathaoirleach na Comhairle



Is é is cuspóir le hobair CORU ná an pobal a chosaint trína chinntiú go bhfuil na daoine a chuireann cúram sláinte agus cúram sóisialach ar fáil cáilithe, inniúil agus cuntasach. Is cuspóir seasmhach é sin, cé go bhfuil fás leanúnach ag teacht ar scála na hoibre agus castacht na timpeallachta ina bhfuil sí le déanamh.

Bhí bliain eile d'fhás suntasach ag CORU in 2025. Méadaíodh raon feidhme rialála na heagraíochta, tháinig ardú ar an líon daoine cláraithe, agus rinneadh breis dul chun cinn i dtreo rialúchán reachtúil a leathnú amach chun gairmeacha breise a chuimsiú.

Leis an bhfás sin, tá ardú suntasach tagtha ar an líon gairmithe a oibríonn laistigh de chaighdeáin rialála atá sainmhínithe go soiléir. Ciallaíonn sé sin go bunúsach go bhféadfaidh níos mó daoine a bhfuil cúram á fháil acu muinín a bheith acu as na daoine a thacaíonn leo.

Cuireann fás ar an scála seo méadú ar na héilimh ar rialachas agus ar chinnteoireacht, agus is gá bainistiú cúramach a dhéanamh chun ardchaighdeáin agus cosaint láidir an phobail a chothabháil. Tá tiomantas leanúnach na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus na gCoistí ag tacú leis sin, agus iad ag obair le chéile lena chinntiú go mbíonn cinntí comhsheasmhach, comhréireach agus bunaithe ar ról reachtúil CORU.

Ceann de na príomhgharspriocanna a baineadh amach i rith na bliana ab ea deireadh na hidirthréimhse d'oibrithe cúraim shóisialaigh. Tá cosaint dlí ag an teideal *oibrí cúraim shóisialaigh* ón 1 Nollaig 2025 agus tá clárúchán ina cheanglas dlí anois. Is céim mhór chun tosaigh é sin maidir leis an bpobal a chosaint agus is céim chinniúnach do CORU é, agus léiriú ar an leathnú is mó ar rialúchán reachtúil ó bunaíodh an eagraíocht.

Leanadh leis an obair chun rialáil gairmeacha breise a thabhairt isteach. Is cuid lárnach é sin de shainchúram rialála CORU a neartú agus a leathnú, lena chinntiú go n-oibríonn níos mó gairmeacha laistigh de chaighdeáin shoiléire agus maoirseacht shoiléir.

Ceann de na príomhgharspriocanna a baineadh amach i rith na bliana ab ea deireadh na hidirthréimhse d'oibrithe cúraim shóisialaigh.

Is é a chiallaíonn rialúchán reachtúil a thabhairt isteach ná caighdeáin shoiléire a leagan síos, an reachtaíocht riachtanach a chur ar bun agus a chinntiú go bhfuil na córais réidh chun tacú léi. Ní mór é a dhéanamh go cúramach ionas go n-oibreoidh sé sa chleachtas agus gur féidir é a choinneáil ar bun le himeacht aimsire.

Braitheann an obair seo ar rannchuidiú na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus na gCoistí, a oibríonn laistigh de chóras rialála an-éilitheach atá ag éirí níos casta, agus freagracht mhór orthu as maoirseacht, caighdeáin agus cinnteoireacht. Déanann siad é sin gan íocaíocht, in éineacht lena bhfreagrachtaí gairmiúla féin.

Is mian liom buíochas a ghabháil le gach comhalta den Chomhairle, de na Boird Chlárúcháin agus de na Coistí. Déanann siad maoirseacht ar obair atá ag éirí níos casta, agus cuireann siad an mhaoirseacht straitéiseach ar fáil a chinntíonn go mbíonn rialúchán in Éirinn cothrom, cóir agus comhréireach. Tá fás leanúnach ag teacht ar an bhfreagracht seo agus ról CORU ag leathnú amach, agus tá a rannchuidiú ríthábhachtach chun muinín as an gcóras rialála a chothú.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte agus leis an Roinn Sláinte freisin, as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht leanúnach. Tá an tacaíocht sin tábhachtach ní hamháin le rialúchán reachtúil a thabhairt chun cinn, ach lena chur ar chumas CORU freagairt do riachtanais athraitheacha an chórais sláinte agus cúraim shóisialaigh ar bhealach meáite agus éifeachtach.

Is mian liom aitheantas a thabhairt freisin do rannchuidiú fhoireann feidhmiúcháin CORU faoi stiúir Claire O'Cleary. Is mór an dúshlán seachadta a cruthaíodh leis an tréimhse fáis seo, agus bhí ról lárnach ag an bhfoireann feidhmiúcháin chun cabhrú leis an eagraíocht freagra a thabhairt ar scála agus castacht mhéadaitheach.

Ar deireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt do na mílte gairmithe atá cláraithe le CORU agus a thugann cúram agus tacaíocht do dhaoine ar fud na hÉireann gach lá. Tá cáilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh agus an mhuinín atá ag an bpobal astu bunaithe ar ghairmiúlacht, comhbhá agus díograis na ngairmithe sin.

Agus fás leanúnach ag teacht ar CORU, tá ár gcuspóir soiléir i gcónaí: an pobal a chosaint agus a chinntiú, an tráth céanna, go leanann an córas rialála ar aghaidh ag feidhmiú ar ardchaighdeán de réir mar a leathnaíonn a ról amach.



Mo Flynn Cathaoirleach An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Chuir CORU méadú mór ar scála agus raon feidhme a róil rialála in 2025.

De réir mar a dhéantar forbairt leanúnach ar chóras sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann, tagann méadú ar an bhfreagracht rialála chun an pobal a chosaint agus chun tacú le hardchaighdeáin ghairmiúla.

I rith na bliana, stiúir foireann feidhmiúcháin CORU seachadadh comhordaithe ar fud na heagraíochta agus le páirtithe leasmhara chun córais rialála a neartú, líon méadaithe gníomhaíochtaí a bhainistiú agus chun dul chun cinn a dhéanamh ar an rialúchán reachtúil do ghairmeacha breise.

Léiríonn sé sin comhiarrachtaí na bhfoirne sna réimsí clárúchán, aitheantas, dearbhú cáilíochta oideachais, straitéis agus beartas, gnóthaí dlí, córais dhigiteacha agus cháilíochta, agus seirbhísí corparáideacha. Cinntíonn sé go leanann CORU ag comhlíonadh a fhreagrachtaí reachtúla agus ag dul in oiriúint do scála agus castacht mhéadaitheach a róil.

Cinntíonn a gcuid oibre go n-oibríonn rialúchán go héifeachtach sa chleachtas agus go leanann CORU ar aghaidh ag dul in oiriúint do scála agus castacht an chórais a ndéanann sé maoirseacht air.

Lean scála chóras rialála CORU de bheith ag méadú in 2025. Bhí 36,645 gairmí cláraithe thar 12 ghairm sláinte agus cúraim shóisialaigh faoi dheireadh na bliana, rud a fhágann go bhfuil CORU ar an dara rialtóir sláinte agus cúraim shóisialaigh is mó in Éirinn anois.

Teastaíonn iarracht leanúnach ar fud na heagraíochta chun tacú leis an gclár seo atá ag fás, ó fhoirne a bhainistigh iarratais agus aitheantas go dtí na foirne a rinne córais, sonraí agus rialachas a chothabháil.

Tháinig méadú ar an éileamh oibríochtúil le linn na bliana freisin. Próiseáladh 7,213 iarratas ar chlárúchán agus cuireadh 6,953 cláraí ar chláir a ngairmeacha faoi seach. In ainneoin an fháis sin, laghdaíodh an meán-am próiseála ó 51 lá ag deireadh 2024 go dtí 32 lá ag deireadh 2025, rud a léiríonn éifeacht na bhfoirne clárúcháin agus aitheantais, chomh maith leis na feabhsuithe spriocdhírithe ar chórais agus ar phróisis.

Bhí 36,645 gairmí cláraithe thar 12 ghairm sláinte agus cúraim shóisialaigh faoi dheireadh na bliana, rud a fhágann go bhfuil CORU ar an dara rialtóir sláinte agus cúraim shóisialaigh is mó in Éirinn anois.

Ceann de na garspriocanna ba thábhachtaí i rith na bliana ab ea deireadh na hidirthréimhse d'oibrithe cúraim shóisialaigh an 30 Samhain 2025. Tá cosaint dlí ag an teideal *oibrí cúraim shóisialaigh* ón 1 Nollaig 2025 agus tá clárúchán ina cheanglas dlí anois do na daoine a chleachtann faoin teideal sin. Is ionann sin agus an leathnú is mó ar rialúchán reachtúil ó bunaíodh CORU.

Bhí freagairt agus comhoibriú oibríochtúil an-chomhordaithe ar scála mór, ag foirne agus páirtithe leasmhara éagsúla, i gceist leis an ullmhúchán don gharsprioc sin. Bhainistigh foirne clárúcháin agus aitheantais méideanna móra iarratas nach bhfacthas riamh cheana, agus rinne an fhoireann cumarsáide feachtas rannpháirteachais náisiúnta chun tacú le cleachtóirí agus fostóirí roimh an gcosaint teideal.

Chomh maith leis an ngarsprioc seo, rinneadh dul chun cinn mór i dtreo gairmeacha breise a rialáil. Le linn na bliana, ghlac agus d'fhoilsigh na Boird Chlárúcháin caighdeáin nua do chomhairleoirí agus síciteiripeoirí, agus rinneadh dul chun cinn ar an obair le Bord Clárúcháin na Síceolaithe chun tacú le rialúchán reachtúil a thabhairt isteach do speisialachais áirithe síceolaíochta.

Rinne CORU na córais a thacaíonn le cosaint an phobail a neartú agus a mhéadú. Le linn na bliana, osclaíodh 73 gearán nua maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh. Rinneadh 15 fhiosrúchán agus cuireadh 25 cás i gcrích. Rinne foirne um Dhearbhú Cáilíochta Oideachais iniúchtaí ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach thar chúig ghairm ina raibh 462 duine cláraithe, chun inniúlacht leanúnach sa chleachtas a chinntiú.

Bhí aitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta ina réimse suntasach gníomhaíochtaí i gcónaí. In 2025, tugadh aitheantas do 2,271 iarratas ó ghairmithe a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu, agus d'fhág feabhsuithe ar phróisis agus méadú ar acmhainní gur laghdaíodh an méid ama a thug sé chun aitheantas a thabhairt.

Thug CORU forbairtí rialála nua isteach le linn na bliana. Garsprioc ollmhór i rialúchán CORU ab ea rannán a bhunú d'fhisiteiripeoirí chun othair a atreorú le haghaidh gnáthaimh raideolaíocha, rud a cheadaigh d'fhisiteiripeoirí cuícháilithe othair a atreorú le haghaidh imscrúduithe diagnóiseacha amhail x-ghathanna. Is é sin an chéad uair a rialaigh CORU cleachtas feabhsaithe a chuireann ar chumas gairmithe a bhí ann cheana féin tabhairt faoi ghníomhaíocht atá á rialáil.

Leanadh de Mheasúnuithe ar Inniúlacht Ghairmiúil a fhorbairt do ghairmeacha áirithe freisin, rud a mhéadaigh cumas CORU measúnú a dhéanamh ar choibhéis d'iarratasóirí a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu.

Príomhfhorbairt a rinneadh in 2025 ab ea foilsiú na chéad tuarascála ar Staid an Chláir ag CORU. Chomhoibrigh roinnt foirne chun an tuarascáil a chur le chéile agus tugann sí léargas cuimsitheach atá bunaithe ar shonraí, den chéad uair, ar mhéid, comhdhéanamh agus déimeagrafaic lucht saothair sláinte agus cúraim shóisialaigh rialáilte na hÉireann.

Trí léargas ar rialáil agus sonraí faoin lucht saothair a thabhairt le chéile, tacaíonn an tuarascáil le níos mó trédhearcachta maidir le treochtaí lucht saothair agus gníomhaíocht rialála, agus cuireann sí le tuiscint níos fearr ar na gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Cuireadh béim leanúnach ar chumas eagraíochtúil a neartú i rith na bliana. Lean foirne ar fud na heagraíochta de chórais dhigiteacha fheabhsaithe a leabú, struchtúir rialachais a neartú agus monatóireacht feidhmíochta agus sonraí níos láidre a fhorbairt. Tacaíonn na forbairtí sin le próiseáil iarratas níos éifeachtúla agus cuireann siad maoirseacht níos fearr ar ghníomhaíocht rialála ar fáil.


Bhí feasacht an phobail ar CORU agus rannpháirteachas leis fós ag dul i méid le linn 2025. Thug na foirne cumarsáide agus gnóthaí poiblí tacaíocht do rannpháirteachas earnála trí imeachtaí náisiúnta, seimineáir ghréasáin agus feachtais spriocdhírithe. Ghlac ionadaithe CORU páirt i gcomhdhálacha gairmiúla agus in imeachtaí rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin, rud a chabhraigh le taithí a roinnt agus foghlaim ón gcleachtas rialála sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Níorbh fhéidir ceann ar bith de na héachtaí sin a bhaint amach gan dúthracht agus saineolas fhoireann feidhmiúcháin agus bhaill foirne CORU. Cinntíonn a dtiomantas go gcomhlíonann CORU a sainordú reachtúil i gcónaí agus go dtéann sé in oiriúint do scála agus castacht mhéadaitheach a fhreagrachtaí.

Is mian liom aitheantas a thabhairt freisin do cheannaireacht na Comhairle, faoi chathaoirleacht Mo Flynn, agus do chomhaltaí ár mBord Clárúcháin agus ár gCoistí, mar aon le comhaltaí ár ngairmeacha a chuireann a gcuid saineolais ar fáil mar chomhaltaí dár bpainéil measúnóirí agus achomharc agus dár bhfoirne athbhreithniúcháin. Tá a gcuid saineolais agus tiomantais ríthábhachtach chun obair rialála CORU a threorú.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire, Jennifer Carroll MacNeill, agus lena comhghleacaithe sa Roinn Sláinte as a dtacaíocht agus a gcomhpháirtíocht leanúnach. Bíonn CORU ag obair go dlúth le comhpháirtithe ar fud chóras sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann freisin, agus tacaíonn an comhoibriú sin le rialáil éifeachtach agus le cosaint éifeachtach an phobail.

Agus fás agus forbairt leanúnach ag teacht ar CORU, tá ár gcuspóir soiléir i gcónaí: an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair ghairmiúil, oideachais, oiliúna agus inniúlachta a chur chun cinn. Leis na héachtaí a baineadh amach in 2025, déantar bunús na rialála a neartú agus tugtar tacaíocht d'fhorbairt leanúnach ar chóras rialála iontaofa agus éifeachtach do ghairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann.



Claire O'Cleary Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cláraitheoir An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Maidir le CORU

Is é CORU an rialtóir i dtaobh na ngairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn.

Cosnaíonn CORU an pobal trína chinntiú go gcuireann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn cúram sábháilte agus gairmiúil ar fáil.

Bunaíodh CORU faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Tá sé comhdhéanta den Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na Boird Chlárúcháin a ndéanann sí maoirseacht orthu.

Is é CORU an t-ainm branda agus an lógó faoina bhfeidhmíonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Boird Chlárúcháin na ngairmeacha éagsúla le chéile.

Faoi dheireadh 2025, bhí 36,645 duine i 12 ghairm éagsúla cláraithe le CORU. Ciallaíonn sé sin gur féidir le daoine a bhfuil cúram de dhíth orthu muinín a bheith acu as na gairmithe a mbraitheann siad orthu agus fios a bheith acu go bhfuil na gairmithe sin cáilithe go cuí, cuntasach agus ag obair de réir chaighdeáin shoiléire.

Cosnaíonn CORU an pobal le:

- **Clárú:** In Éirinn, ní mór do dhuine ar bith a oibríonn sna gairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh seo a bheith cláraithe le CORU. Sula gcláraíonn siad agus sula dtosaíonn siad ag obair, seiceálann CORU go bhfuil an t-oideachas ceart agus na cáilíochtaí cearta acu agus go bhfuil siad oiriúnach agus cuí chun cleachtadh go sábháilte.
- **Caighdeáin Chúraim:** Rialacha soiléire a leagan síos faoin gcaoi a gcaithfidh gairmithe iad féin a iompar agus cúram a sholáthar, ionas go bhfaigheann daoine seirbhísí sábháilte agus gairmiúla.
- **Caighdeáin Oideachais:** Sainmhíniú a thabhairt ar an méid a chaithfidh gairmithe na todhchaí a fhoghlaim agus a chinntiú go gcomhlíonann cúrsaí oideachais na riachtanais sin, ionas go n-ullmhaítear céimithe i gceart chun cúram a thabhairt don phobal ar bhealach sábháilte.
- **Cuntasacht:** Gairmithe a choimeád cuntasach mura gcomhlíontar caighdeáin trí phróiseas cothrom agus trédhearcach um fheidhmiúlacht chun cleachtadh.
- **Tacaíocht:** Cabhrú le gairmithe caighdeáin a sheasamh agus bheith mórálach as a gcuid oibre, ós rud é gur rud dearfach dóibhsean agus don phobal í an rialáil.

Tá cláir i bhfeidhm ag CORU anois do 12 ghairm, na cinn seo ina measc:

- Diaitéitigh
- Radharceolaithe Dáiliúcháin
- Eolaithe Míochaine
- Teiripeoirí Saothair
- Optaiméadraithe
- Fisiteiripeoirí/Teiripeoirí Fisiciúla
- Coslianna/Dochtúirí Cos
- Radagrafaithe
- Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Sóisialta
- Oibrithe Cúraim Shóisialaigh
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga/ Teiripeoirí Urlabhra

Is iad na gairmeacha atá fós le rialáil:

- Síceolaithe
- Comhairleoirí
- Síciteiripeoirí
- Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- Ortoptaigh

Ár bhFís

Maidir le próisis agus caighdeáin rialála na heagraíochta, tá muinín ag an bpobal agus ag gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh as CORU ina leith agus tugann an dá dhream aitheantas do CORU dá bharr.

Ár Luachanna

Tá sé d'aidhm ag CORU sraith luachanna a léiriú a bhíonn mar bhonn agus mar thaca ag an mbealach a n-oibríonn sé agus a n-idirghníomhaíonn sé lena pháirtithe leasmhara go léir. Tá ár luachanna mar chuid lárnach dár misean agus dár bhfís a bhaint amach.

- **Cuntasacht** as ár bpróisis, ár gcinntí agus ár n-iompar gairmiúil.
- **Meas agus Cothroime** agus muid ag plé leis an bpobal, le gairmithe agus le páirtithe leasmhara eile.
- **Oscailteacht agus Trédhearcacht** inár gcumarsáid agus nuair a bhímid ag plé leis an bpobal agus leis na gairmithe.
- **Leibhéil Arda Feidhmíochta** mar eagraíocht ó thaobh éifeachtacht iomlán, luach ar airgead, éifeachtúlacht oibríochtaí agus rialachais de.
- **Bród agus Tiomantas** i dtaobh torthaí cuí a bhaint amach i dtaca le sábháilteacht agus caighdeáin don phobal agus do na gairmithe lena mbaineann.
- **Saibhriú** na hearnála mar thoradh ar cheannaireacht, dearfacht agus dearcadh ardchaighdeáin agus fianaise-bhunaithe a léiriú maidir lenár gcuid oibre agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.



CORU 2025 - Súil Siar ar an mBliain


Príomh-Éachtaí



Tugtar cosaint dlí d'Oibrithe Cúraim Shóisialaigh agus is é an clár is mó ag CORU é



An chéad uair ag rialáil cleachtais fheabhsaithe d'fhisiteiripeoirí




Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Staid an Chláir

36,645
Cláraí
méadú 21%

Laghdú 35%
ar agaí próiseála
Noll 2025 = 32 lá

6,923
an líon cláraithe idirnáisiúnta as 107 tír

Inscne na gCláraithe




29,383
Mná (80.1%)

7,244
Fir (19.8%)

18
Eile (0.1%)

Próifíl Aoise na gCláraithe



20-29	7,956	21.7%
30-39	11,607	31.6%
40-49	9,895	27.0%
50-59	5,361	14.6%
60-69	1,673	4.6%
70-79	143	0.4%
80-89	10	0.1%

Líon Iomlán Cláraithe & Fás in aghaidh na Gairme 2025

Bia-eolaithe	Radharceolaithe Dáiliúcháin	Eolaithe Míochaine
1,796	288	3,508
▲ 12%	▲ 3%	▲ 7%

Teiripeoirí Saothair	Optaiméadraithe	Fisiteiripeoirí	Fisiteiripeoirí a dhéanann Atreorú	Coslianna
4,132	1,116	7,455	16	597
▲ 8%	▲ 6%	▲ 17%	Nua	▲ 24%

Radagrafaithe	Teiripeoirí Radaíochta	Oibrithe Cúraim Shóisialaigh	Oibrithe Sóisialta	Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
3,975	619	4,501	6,044	2,674
▲ 10%	▲ 6%	▲ 295%	▲ 7%	▲ 7%

Aithint Iarratasóirí Idirnáisiúnta

2,271

Iarratas idirnáisiúnta aitheanta

Méadú +40% i gcomparáid le 2024

Oideachas

Monatóireacht déanta ar 14 Chlár

3 Chlár Nua Ceadaithe



Glaodh ar 462 le dul faoi Iniúchadh FGL

- **32** Radharceolaí & Optaiméadraí Dáiliúcháin
- **167** Oibrí Sóisialta
- **162** Fisiteiripeoir
- **101** Teiripeoir Saothair

Comhlíonadh & Rialachas

31 Iarratas ar Shaoráil Faisnéise

79 Iarratas ó dhaoine is ábhar do shonraí

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

73 Gearán nua faighte

34 Gearán tugtha ar aghaidh go 2025


15 Fhiosrúchán déanta

58 Dúnta ag céim an Choiste Réamhimeachtaí
(Gan aon ghníomh breise le déanamh)

2 Ghearán tarraingthe siar

32 Comhad gearán ar oscailt an 31 Nollaig 2025

Cumarsáid



558,000
Cuairt ar an suíomh gréasáin (▲méadú 87%)

26,100
Leantóir ar LinkedIn amhail mí na Nollag 2025
+9,600

2,040
Síntiúsóir ar YouTube amhail mí na Nollag 2025
+600

Gnóthaí Poiblí

46 Ceist Pharlaiminte


85 Uiríoll ó chomhaltaí den Oireachtas

Cé muid féin

Déantar obair CORU trí struchtúr soiléir rialachais agus bainistíochta.

Cé go ndéanann CORU rialáil ar ghairmeacha iomadúla agus maoirseacht ar os cionn 36,600 cláraí, líon atá ag dul i méid, tá a struchtúr deartha le bheith simplí. Déanann sé **maoirseacht**, **cinnteoireacht rialála a bhaineann go sonrach le gairmeacha** agus **oibríochtaí ó lá go lá** a dheighilt ó chéile. Cinntíonn sé sin cuntasacht, neamhspleáchas agus soiléire sa chaoi a ndéantar cinntí.

Ar leibhéal ard, feidhmíonn CORU faoi thrí chomhpháirt nasctha:



Le chéile, cinntíonn siad sin go mbíonn rialáil cothrom, comhsheasmhach agus dírithe ar an bpobal a chosaint.

An Chomhairle

Is í an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh comhlacht rialaithe CORU.

Tá an Chomhairle freagrach as ceannaireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar an eagraíocht tríd is tríd. Leagann sí amach an treo straitéiseach, déanann sí maoirseacht ar rialachas agus airgeadas agus cinntíonn sí go gcomhlíonann CORU a fhreagrachtaí dlíthiúla faoin Acht.

An Chomhairle:

- Leagann sí amach straitéis agus déanann sí monatóireacht uirthi
- Déanann sí maoirseacht ar rialachas, riosca, iniúchadh agus airgeadas
- Cinntíonn sí comhlíonadh le reachtaíocht
- Déanann sí cinntí rialála ardleibhéil áirithe

Ní bhainistíonn an Chomhairle oibríochtaí ó lá go lá. An ról atá aici ná maoirseacht neamhspleách a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfuil CORU ag feidhmiú go héifeachtach agus ar mhaithe le leas an phobail.

Na Boird Chlárúcháin

Tá a Bord Clárúcháin féin ag gach gairm rialáilte.

Tá na Boird sin freagrach as na caighdeáin ghairmiúla agus oideachais a leagan síos dá ngairm ar leith. Tá idir comhaltaí gairmiúla agus ionadaithe tuata ar na Boird sin chun cinnteoireacht chothrom a chinntiú.

Na Boird Chlárúcháin:

- Déanann siad an clár gairmiúil a bhunú agus a chothabháil
- Leagann siad síos caighdeáin inniúlachta
- Ceadaíonn siad cláir oideachais agus oiliúna agus déanann siad monatóireacht orthu
- Leagann siad síos cóid iompair ghairmiúil agus eitice
- Leagann siad síos riachtanais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach
- Forbraíonn siad fodhlíthe a bhaineann go sonrach le gairmeacha

Go praiticiúil, tugann na Boird Chlárúcháin sainmhíniú ar a bhfuil de dhíth chun dul isteach i ngairm agus fanacht inti go sábháilte agus go hinniúil.

POF & CORU Foireann Feidhmiúcháin

An Feidhmeannas atá freagrach as reáchtáil oibríochtúil CORU. An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cláraitheoir atá i gceannas air.

Cé gurb í an Chomhairle a leagann síos an treo agus na Boird Chlárúcháin a leagann síos na caighdeáin, is é an Feidhmeannas a chinntíonn go gcuirtear na caighdeáin sin i bhfeidhm sa chleachtas.

An Feidhmeannas:

- Próiseálann sé iarratais ar chlárúchán agus aitheantas
- Riarann sé an próiseas um fheidhmiúlacht chun cleachtadh
- Tacaíonn sé leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin
- Bainistíonn sé seirbhísí corparáideacha, airgeadas agus riosca
- Treoraíonn sé córais dhigiteacha agus forbairt eagraíochtúil
- Déanann sé rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal

Cinntíonn an Feidhmeannas go ndéantar próisis rialála a sheachadadh go héifeachtúil, go cothrom agus go comhsheasmhach.

Tá an Feidhmeannas faoi threoir an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Chláraitheora, Claire O'Cleary, agus faigheann sé tacaíocht ó fhoireann de bhreis is 100 ball foirne sna feidhmeanna speisialtóireachta rialáil, dlí, corparáideach, beartas agus digiteach.

Le chéile, soláthraíonn siad freagrachtaí reachtúla CORU ó lá go lá agus tacaíonn siad le fás leanúnach na heagraíochta de réir mar a théann an líon cláraithe i méid.

Tá CORU faoi threoir oibríochtúil Foireann Bainistíochta Sinsearaí (SMT) a chuimsíonn:

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cláraitheoir

- Claire O'Cleary

Ceann Seirbhísí Corparáideacha

- Sara Leonard (go dtí an 28 Márta 2025)
  Clare Quille (ón 9 Aibreán 2025)

Ceann Dlí agus Feidhmiúlachta chun Cleachtadh

- William Slattery (Gníomhach)
- Erica Champ

Ceann Clárúcháin

- Anne Marie Bennett (go dtí an 17 Márta 2025)
- Christina Rafferty (ón 31 Márta 2025)

Ceann Dearbhaithe Cáilíochta Oideachais

- Garrett Duffy (ón 24 Márta 2025)

Ceann Straitéise agus Beartais

- Catherine Byrne

Ceann Aitheantais

- Margaret Hynds O'Flanagan (go dtí an 17 Márta 2025)
- Anne Marie Bennett (ón 18 Márta 2025)

Ceann na Straitéise Digití

- Melika Khandanian (ón 4 Márta 2025)

Tá an SMT freagrach as straitéis na Comhairle a chur i bhfeidhm, tosaíochtaí oibríochtúla a sheachadadh agus rialachas, feidhmíocht agus forbairt eagraíochtúil láidir a chinntiú ar fud CORU.

An Chaoi a nOibríonn Sé le Chéile

Cinntíonn an struchtúr seo:

- Deighilt shoiléir idir maoirseacht agus oibríochtaí
- Saineolas a bhaineann go sonrach le gairm sa chinnteoireacht
- Próisis atá trédhearcach agus cuntasach
- Cur i bhfeidhm caighdeán ar bhonn comhsheasmhach sna gairmeacha uile

Trí é féin a eagrú ar an mbealach seo, is féidir le CORU gairmeacha iomadúla a rialáil agus neamhspleáchas, soiléire maidir le róil agus cuntasacht láidir don phobal a choinneáil ar bun ag an am céanna.

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2025

Borradh a chur faoin Rialúchán. Cosaint an Phobail a Neartú.



Tosaíochtaí Straitéiseacha 2025

Borradh a chur faoin Rialúchán. Cosaint an Phobail a Neartú.

Chuir CORU borradh mór faoin rialúchán agus rinne sé seachadadh mór in 2025. Maidir le gach cuspóir straitéiseach, thóg an fhoireann feidhmiúcháin an eagraíocht ar aghaidh ó phleanáil agus comhairliúchán go dtí seachadadh leanúnach ar scála mór, agus baineadh amach torthaí inláimhsithe i gclárúchán, rialúchán agus forbairt córas.

Áiríodh leis sin an méadú ba mhó ar rialúchán reachtúil ó bunaíodh CORU, mar aon le feabhsuithe intomhaiste ar agaí próiseála, feidhmíocht córais agus maoirseacht rialála.

Rinne CORU dul chun cinn iarbhír ar a chlár rialála in 2025. Ullmhaíodh cláir lena n-oscailt, glacadh go foirmiúil le caighdeáin nua agus foilsíodh iad, agus tháinig méadú suntasach ar scála na gníomhaíochta clárúcháin.

Reáchtáladh feachtas náisiúnta rannpháirteachais ar bhonn leanúnach chun tacú le hoibrithe cúraim shóisialaigh chun clárú roimh dheireadh na hidirthréimhse.

An tráth céanna, d'oibrigh an feidhmeannas go dlúth le comhpháirtithe sa Roinn Sláinte chun dul chun cinn a dhéanamh ar na céimeanna reachtacha is gá chun gairmeacha breise a chur go hiomlán faoi rialúchán reachtúil agus chun tacú le forbairtí sa chleachtas feabhsaithe agus san ardchleachtas, lena n-áirítear rannán nua a thabhairt isteach ar chlár na bhfisiteiripeoirí lena chur ar chumas fisiteiripeoirí oilte othair a atreorú le haghaidh gnáthaimh raideolaíocha dhiagnóiseacha.

Cuspóir Straitéiseach 1:

Cuirfimid rialáil na ngairmeacha ainmnithe atá fágtha chun cinn



In 2025, aistríodh ó ullmhúchán go dtí pleananna soiléire agus struchtúrtha chun rialúchán a thabhairt isteach don chuid eile de na gairmeacha ainmnithe.

Oibrithe Cúraim Shóisialaigh

Dúnadh an idirthréimhse d'oibrithe cúraim shóisialaigh an 30 Samhain 2025. B'éacht mór don ghairm sin agus do CORU é sin. Ón dáta sin i leith, tá cosaint ag an teideal *oibrí cúraim shóisialaigh* agus is ceanglas dlí é clárú.

Beidh an clár seo ar an gclár is mó atá ag CORU, agus an méadú aonair is mó ar rialúchán reachtúil ó bunaíodh an eagraíocht.

I rith 2025, d'fhonn na céimeanna deiridh a chur i gcrích chun an pointe sin a bhaint amach, b'éigean do na foirne clárúcháin, aitheantais agus seirbhísí corparáideacha seachadadh comhordaithe a dhéanamh chun an méid iarratas a bhainistiú agus chun an eagraíocht a ullmhú do dhúnadh na hidirthréimhse.

Mar aon leis an bpleanáil oibríochtúil, reáchtáladh feachtas cumarsáide náisiúnta struchtúrtha i rith 2025 chun tacú le cleachtóirí agus fostóirí. Áiríodh leis sin clár seimineár gréasáin, rannpháirteachas ag imeachtaí earnála, cumarsáid dhíreach le fostóirí agus feachtas comhordaithe ilmheán.

Bhí cuspóir soiléir leis sin: na conairí clárúcháin a shainmhíniú, an spriocdháta a atreisiú agus cleachtóirí a spreagadh chun iarratais chomhlánaithe a chur isteach sular tugadh cosaint don teideal.

Fuarthas os cionn 20,000 iarratas ar oibrí cúraim shóisialaigh faoi dheireadh 2025 agus cuireadh iad trí gach céim den phróiseáil.

Síceolaithe

In 2025, d'aistrigh Bord Clárúcháin na Síceolaithe ón gcéim chomhairliúcháin go dtí an chéim cur i bhfeidhm, le tacaíocht ón bhfoireann feidhmiúcháin.

I mí Mheán Fómhair, cheadaigh an Bord Caighdeáin Inniúlachta agus Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna do na speisialtóireachtaí síceolaíochta cliniciúla, comhairleoireachta agus oideachais, agus ghlac sé leo.

Maidir leis an mbealach chun rialúchán a thabhairt isteach do speisialtóireachtaí síceolaíochta, bhí ceisteanna reachtacha a d'éiligh rannpháirteachas breise leis an Roinn Sláinte i gceist leis. Thug comhairle le fios go mbeadh gá le hainmniú agus struchtúr na gclár a shoiléiriú sula bhféadfaí cláir a oscailt. D'oibrigh an fhoireann feidhmiúcháin go dlúth leis an Aonad um Rialáil Ghairmiúil sa Roinn Sláinte chun dul chun cinn a dhéanamh ar na céimeanna riachtanacha.

Rinneadh forbairt ar na caighdeáin a mbeidh feidhm leo maidir le síceolaithe taobh amuigh de na trí speisialtóireacht tosaigh, a bheidh mar chuid den chreat chun an teideal *síceolaí* a chosaint.

Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí

Ghlac Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí céim mhór i dtreo rialúchán a thabhairt isteach.

I mí Iúil, d'fhoilsigh an Bord a Chaighdeáin Inniúlachta agus Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna don dá ghairm, le tacaíocht ó ábhair mhíniúcháin agus rannpháirteachas struchtúrtha le páirtithe leasmhara.

Tar éis a bhfoilsithe, tharraing na caighdeáin aird mhór ó pháirtithe leasmhara. Bhainistigh an fhoireann feidhmiúcháin rannpháirteachas le comhlachtaí ionadaíocha agus soláthraithe oideachais, d'fhreagair sí Ceisteanna Parlaiminteacha agus rinne sí idirchaidreamh dlúth leis an Roinn Sláinte. Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, tháinig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CORU, Claire O'Cleary, agus Cathaoirleach na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, Mo Flynn, os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Shláinte chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhain leis na caighdeáin agus ról reachtúil an Bhoird.

Bithcheimiceoirí Cliniciúla agus Ortoptaigh

Leanadh leis an obair i dtreo is go mbeifear in ann bithcheimiceoirí cliniciúla agus ortoptaigh a rialáil. Cuireadh taighde deasc-bhunaithe chun próifílí a thabhairt don dá ghairm i gcrích, lena n-áirítear anailís ar na dúshláin a bhain leis an gcreat reachtach atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm. Cuireadh torthaí faoi bhráid an Choiste Clárúcháin agus Aitheantais, agus ullmhaíodh moltaí don Chomhairle lena mbreithniú.

Tríd is tríd, baineadh roinnt mhaith nithe amach faoin gcolún seo in 2025. Tugadh idirthréimhse chlár tábhachtach chun críche, glacadh agus foilsíodh caighdeáin nua, agus cuireadh na struchtúir agus na conairí a theastaíonn chun an chéad shruth eile den rialúchán reachtúil a thabhairt isteach ar bhonn láidir.



Cuspóir Straitéiseach 2:



Cinnteoimid go gcosnófar an pobal leis an rialáil agus go dtacóidh sí le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh

Tháinig éabhlóid ar an gcaoi a ndéanann CORU rialáil in 2025. Cé gur chroífheidhmeanna reachtúla i gcónaí iad clárúchán, gearáin agus maoirseacht ar oideachas, síneadh an rialúchán chuig réimsí nua cleachtais le linn na bliana, glacadh cuir chuige nua ar chinnteoireacht agus rinneadh monatóireacht níos struchtúrtha ar fheidhmíocht.

Dhírigh CORU ar chosaint an phobail a neartú agus, an tráth céanna, chuir sé uirlisí rialála in oiriúint d'athruithe ar sheachadadh sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Fisiteiripeoirí a dhéanann Atreorú

In 2025, chríochnaigh CORU na céimeanna rialála a theastaigh lena chur ar chumas fisiteiripeoirí cuicháilithe othair a atreorú le haghaidh gnáthaimh raideolaíocha dhiagnóiseacha a bhfuil radaíocht ianúcháin i gceist leo. Is nuálaíocht mhór é sin i gcúrsaí rialála, agus ba é an chéad uair a rinne CORU gníomhaíocht chleachtais fheabhsaithe laistigh de ghairm a bhí ann cheana féin a chumasú go foirmiúil agus a rialáil.

Cheadaigh Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí na caighdeáin inniúlachta agus na riachtanais oideachais don ról seo, mar aon leis na measúnuithe riachtanacha ar thionchar rialála agus comhréireacht.

Agus an faomhadh sin i bhfeidhm, d'oibrigh an rannán d'fhisiteiripeoirí a dhéanann atreorú laistigh de struchtúr rialála a bhí sainmhínithe agus a chomhlíon an dlí.

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh agus Forfheidhmiú

Tá Feidhmiúlacht chun Cleachtadh ina cuid lárnach de ról CORU maidir le cosaint an phobail. Trí scagadh gearán, fiosrúchán agus forfheidhmiú a dhéanamh, cinntíonn an eagraíocht go gníomhach go ndéantar measúnú neamhspleách ar ábhair imní faoi dhaoine cláraithe agus go dtugtar aghaidh orthu ar bhealach cothrom agus comhréireach.

Tháinig méadú ar an ngníomhaíocht in 2025. Osclaíodh 73 gearán nua le linn na bliana, méadú 18 faoin gcéad ar 2024. Tháinig an Coiste Réamhimeachtaí ar thuairimí i 69 cás, atreoraíodh 11 chás lena bhfiosrú, cuireadh 58 cás i gcrích gan aon ghníomh eile agus tarraingíodh dhá chás siar.

Reáchtáladh 15 fhiosrúchán le linn na bliana, dúnadh 25 cás agus tugadh 18 gcás ar aghaidh go 2026.

Tháinig méadú ar an ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin freisin; fuarthas 84 atreorú forfheidhmiúcháin in 2025, i gcomparáid le 28 in 2024.

Dearbhú Cáilíochta Oideachais agus FGL

Rinneadh iniúchtaí ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach i gcúig ghairm in 2025: fisiteiripeoirí, oibrithe sóisialta, teiripeoirí saothair, optaiméadraithe agus radharceolaithe dáiliúcháin. Glaodh ar 462 cláraí le dul faoi iniúchadh. Gan na hiarchuir cheadaithe, na cláraithe a baineadh agus an cohórt neamh-incháilithe (136 cláraí) san áireamh, bhí 99.1% de na cláraithe comhlíontach agus bhí 0.9% neamhchomhlíontach.

Tá na hiniúchtaí sin mar chuid de chur chuige CORU ar a chinntiú go gcoinníonn cláraithe inniúlacht sa chleachtas ar bun agus go leanann siad ar aghaidh ag comhlíonadh na gcaighdeán is gá chun cúram sábháilte agus éifeachtach a thabhairt.

Aitheantas Cáilíochtaí Idirnáisiúnta

Bhí gníomhaíocht ard i gcúrsaí aitheantais arís in 2025, agus tugadh aitheantas do 2,271 iarratas idirnáisiúnta le linn na bliana.

Tháinig laghdú ar agaí próiseála i rith na bliana, agus léirigh agaí próiseála clárúcháin na feabhsuithe oibríochtúla a tugadh isteach le linn 2025.

Chuir gníomh spriocdhírithe chun dul i ngleic le riaráistí i ngairmeacha áirithe, go háirithe eolaithe míochaine, leis an laghdú sin. Bhí amlínte i bhfad níos giorra ann d'iarratasóirí a rinne iarratas tríd an gconair Caighdeáin ar Leibhéil Chomónta, agus 16 lá mar mheán-aga próiseála ón tráth ar cuireadh comhad i gcrích go dtí tráth an aitheantais.

Léiríonn na feabhsuithe sin cur chuige ar aitheantas a bhí níos struchtúrtha agus bunaithe ar fheidhmíocht agus a choinnigh na caighdeáin mheasúnaithe ar bun an tráth céanna.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Rinne CORU nuashonrú ar a Bheartas maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána in 2025. Ní dhéantar ríomh-ghrinnfhiosrú ar iarratasóirí ar céimithe Éireannacha iad ná ar chleachtóirí reatha a thuilleadh i gcás ina bhfuil grinnfhiosrú déanta orthu cheana féin ag a bhfostóir nó ag soláthraí cláir cheadaithe.

Cuireann iarratasóirí a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu imréiteach póilíní ar fáil i gcónaí agus ní theastaíonn grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ina leith tar éis an nuashonrú ar an mbeartas.

Léiríonn an t-athrú seo cur chuige níos comhréirí agus rioscabhunaithe ar rialúchán agus tacaíonn sé le próiseáil iarratas níos éifeachtúla.

Triail ar Inniúlacht Ghairmiúil

Leanadh leis an obair in 2025 chun measúnú ar inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt d'eolaithe míochaine, agus tá próisis ar bun maidir le tairiscintí agus soláthraithe a shainaithint.

Bunaíodh meithleacha freisin chun fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht measúnuithe ar inniúlacht ghairmiúil a dhéanamh ar radagrafaithe, teiripeoirí radaíochta agus fisiteiripeoirí.

Neartaíonn an obair seo cumas CORU coibhéis a mheas ar bhealach struchtúrtha agus trédhearcach.


Comhchreat Oiliúna d'Fhisiteiripeoirí

Ghlac CORU páirt i gcruinnithe foghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhchreata Oiliúna. Leagtar amach sna creataí sin, arna gcomhaontú ag roinnt ballstát, an t-eolas comhroinnte íosta, na scileanna agus na hinniúlachtaí le haghaidh gairme. Tá sé mar aidhm leo é a dhéanamh níos éasca do ghairmithe bogadh go tíortha éagsúla agus bheith ag obair iontu, gan na córais oideachais ná rialúcháin a chaighdeánú go hiomlán. Tá coinne leis go gcuirfear dréacht-thogra maidir le Comhchreat Oiliúna d'fhisiteiripeoirí a chur ar bun faoi chomhairliúchán poiblí in 2026.

Tríd is tríd, chonacthas córas rialála a bhí ag oibriú ar scála mór agus á chur in oiriúint sa chleachtas in 2025. Bhíothas in ann an raon feidhme a fhairsingiú, tháinig méadú agus rinneadh dul chun cinn ar ghníomhaíocht a bhain le gearáin, cuireadh feabhas ar agaí aitheantais agus clárúcháin, agus neartaíodh sásraí maoirseachta. Bhí cosaint an phobail fós lárnach agus seachadadh í le caighdeáin níos soiléire agus uirlisí rialála níos comhréirí.

Cuspóir Straitéiseach 3:

Forbróimid cumas na heagraíochta agus, san am céanna, déanfaimid múnla inbhuanaithe rialála a chothú



Agus fás ag teacht ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí rialála CORU in 2025, díríodh an méid céanna airde ar an eagraíocht féin a neartú. Níor díríodh ar mhéideanna níos airde a bhainistiú agus air sin amháin, ach ar a chinntiú go raibh rialachas, córais agus struchtúir inmheánacha sách láidir chun tacú le fairsingiú rialála fadtéarmach.

Córais Dhigiteacha a Leabú agus a Neartú

Lean CORU dá chóras feabhsaithe clárúcháin agus aitheantais a leabú le linn 2025, de shreafaí oibre a bheachtú agus d'fheabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar iarratais a rianú ón tráth a gcuirtear isteach iad go dtí an tráth a ndéantar cinneadh orthu. De réir mar a chuaigh foirne aitheantais agus clárúcháin CORU i dtaithí ar an gcóras, tháinig méadú mór ar éifeachtúlacht na próiseála agus d'éirigh maoirseacht ar an dul chun cinn ar chásanna níos struchtúrtha.

Cuireadh cosaintí breise ar bun le linn na bliana chun córais agus sonraí CORU a chosaint. Cuireann feabhsuithe ar shocruithe cúltaca agus athléimneacht na gcóras laghdú ar an riosca go gcuirfear isteach ar sheirbhísí agus cabhraíonn siad lena chinntiú gur féidir leanúint ar aghaidh le próisis chlárúcháin agus gearán gan chur isteach orthu.

Rialachas agus Rialú Inmheánach a Neartú

Rinneadh dul chun cinn ar Chóras Bainistíochta Cáilíochta le linn na bliana, lenar tugadh isteach doiciméid níos soiléire, próisis inmheánacha chaighdeánaithe agus sásraí rialaithe níos láidre sna feidhmeanna rialála uile. Is dul chun cinn soiléir é sin ar an gcaoi a ndéantar cinntí agus próisis a bhainistiú san eagraíocht a chur ar bhonn foirmiúil.

Atreisíodh rialachas digiteach freisin trí mhaoirseacht struchtúrtha ar thionscadail TFC agus ar fheidhmíocht na gcóras. Cinntíonn socruithe rialachais neartaithe go bhfuil infheistíochtaí i dteicneolaíocht ag teacht le tosaíochtaí rialála agus riachtanais oibríochtúla.

Sonraí a Úsáid mar Bhonn Eolais don Rialáil

In 2025, mhéadaigh CORU an úsáid a bhaineann sé as sonraí feidhmíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar mhéideanna iarratas, agaí próiseála agus dul chun cinn ar ghearáin. Leis sin, bhíothas in ann baic a shainaithint níos luaithe agus acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos freagrúla.

Thacaigh rannpháirteachas leis an bPríomh-Oifig Staidrimh le linn na bliana leis an obair chun tuiscint a fháil ar shreafaí céimithe agus sonraí faoin lucht saothair. Cuireann sé sin le timpeallacht rialála níos eolasaí agus tacaíonn sé le pleanáil níos leithne don lucht saothair sláinte.

Le foilsiú na tuarascála Staid an Chláir, cuireadh tuilleadh feabhais ar thrédhearcacht maidir le méid agus comhdhéanamh na ngairmeacha a ndéanann CORU rialáil orthu.

Tá sé mar aidhm ag CORU faisnéis chothrom le dáta a chur ar fáil chun tacú leis an gcóras sláinte níos leithne agus leis an Roinn Sláinte. Cabhraíonn soláthraithe oideachais leis an bhfaisnéis seo a chur ar fáil do CORU. Ní mór do chláir fhaofa faisnéis a chur ar fáil do CORU ar bhonn bliantúil i ndáil le baill foirne, an cohórt mac léinn agus athruithe móra ar inneachar agus seachadadh na gclár.

Struchtúr Eagraíochtúil agus Acmhainní

B'éigean pleanáil chúramach a dhéanamh don lucht saothair mar gheall ar líon níos airde iarratas, go háirithe ar Chlár na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh agus aitheantas idirnáisiúnta. Rinneadh athbhreithniú ar struchtúir foirne agus soláthraíodh acmhainní breise nuair ba ghá chun caighdeáin na seirbhísí a choinneáil ar bun.


Úsáideadh baill foirne shealadacha ó ghníomhaireachtaí chun ualaí oibre níos airde a bhainistiú agus tá na costais bhreise le feiceáil sa tuairisciú airgeadais ag deireadh na bliana. Rinneadh dlúth-mhonatóireacht ar chaiteachas i rith na bliana lena chinntiú go raibh acmhainní á ndíriú go cuí.

An Múnla Rialála don Am atá le Teacht

Rinneadh tuilleadh oibre ar an Múnla Rialála don Am atá le Teacht. Is é cuspóir an tionscadail seo múnla rialála níos solúbtha, níos comhréirí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt a thabharfaidh tacaíocht níos fearr do shainchúram CORU atá ag dul i méid. Áirítear leis sin machnamh a dhéanamh ar struchtúir agus inscálaitheacht na gclár, agus a chinntiú go mbeidh an creat rialála inbhuanaithe agus a raon feidhme ag éirí níos fairsinge.

Cuspóir Straitéiseach 4:

Méadóimid feasacht ar ár ról don phobal a chosnaímid agus na gairmithe a rialaímid



De réir mar a tháinig méadú ar obair CORU in 2025, tháinig méadú ar fheasacht an phobail agus páirtithe leasmhara ar an ról atá aige.

Rinneadh iarrachtaí leanúnacha le linn na bliana chun faisnéis shoiléir faoi spriocdhátaí rialála, caighdeáin agus treochtaí maidir leis an lucht saothair a chur faoi bhráid cleachtóirí, mac léinn, fostóirí, oideoirí agus an phobail i gcoitinne.

Rannpháirteachas Poiblí le hOibrithe Cúraim Shóisialaigh

Ós rud é gur tháinig deireadh leis an idirthréimhse d'oibrithe cúraim shóisialaigh an 30 Samhain 2025, reáchtáil CORU feachtas náisiúnta rannpháirteachais ar bhonn leanúnach i rith na bliana.

Áiríodh leis sin clár seimineár gréasáin, freastal ar imeachtaí earnála, cumarsáid dhíreach le fostóirí agus feachtas fógraíochta comhordaithe ar na meáin shóisialta.

Chinntigh an feachtas seo gur thuig na mílte oibrí cúraim shóisialaigh na hathruithe maidir le teidil a chosaint agus na riachtanais chlárúcháin.

Staid an Chláir

D'fhoilsigh CORU an chéad tuarascáil mhionsonraithe faoi Staid an Chláir in 2025, inar tugadh léiriú cuimsitheach ar an lucht saothair rialáilte.

Sheol an tAire Sláinte, Jennifer Carroll MacNeill TD an tuarascáil i mí na Samhna.

Thaispeáin an tuarascáil go raibh 32,332 gairmí cláraithe le dhá ghairm sláinte agus cúraim shóisialaigh déag faoi lár na bliana, agus go raibh líon ard céimithe Éireannacha agus iarratasóirí idirnáisiúnta ina measc.

Tugadh léargas ar aois, inscne, dáileadh geografach agus ionadaíocht idirnáisiúnta sa tuarascáil, agus chabhraigh sí le bonn eolais a chur faoi bheartas poiblí agus pleanáil don lucht saothair.



An tAire Sláinte, Jennifer Carroll MacNeill TD, in éineacht le Cathaoirleach, POF agus bainistíocht shinsearach CORU chun an chéad tuarascáil ar Staid an Chláir a sheoladh. Sa ghrianghraf tá Melika Khandanian, Ceann na gCóras Digiteach agus Cáilíochta; Christina Rafferty, Ceann Clárúcháin; Mo Flynn, Cathaoirleach; an tAire Jennifer Carroll MacNeill TD, Claire O'Cleary, POF agus Alessandra Fantini, Príomhoifigeach, an tAonad um Rialáil Ghairmiúil, an Roinn Sláinte.

Na Meáin agus Teachtaireachtaí Poiblí

Atreisíodh ról CORU chun an pobal a chosaint trí rannpháirteachas gníomhach agus leanúnach leis na meáin le linn 2025.

De réir mar a rinneadh dul chun cinn ar fhorbairtí rialála agus mar a tháinig méadú ar ghníomhaíocht maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, d'fhreagair an eagraíocht fiosrúcháin ó na meáin, thug sí soiléire faoi phróisis reachtúla agus chinntigh sí go raibh faisnéis chruinn ar fáil go poiblí.

Anuas ar fhreagairt d'fhiosrúcháin ó na meáin, d'eisigh CORU teachtaireachtaí réamhghníomhacha faoi shábháilteacht an phobail nuair ba chuí. D'eisigh CORU rabhadh i mí Dheireadh Fómhair 2025, ag tarraingt ar Oíche Shamhna, faoi na rioscaí a bhaineann le lionsaí tadhaill nuaga agus mhol sé go láidir don phobal gan ach lionsaí ar oideas ó ghairmithe cláraithe a úsáid. Fuair an teachtaireacht clúdach náisiúnta agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé dul i gcomhairle le cleachtóirí rialáilte.

Rinne CORU cumarsáid shoiléir faoi gharspriocanna rialála i rith na bliana freisin, lena n-áirítear dúnadh na hidirthréimhse d'oibrithe cúraim shóisialaigh agus foilsiú na gcaighdeán oideachais nua do ghairmithe ainmnithe. Chinntigh na nuashonruithe sin gur cuireadh cleachtóirí, fostóirí agus an pobal ar an eolas faoi na himpleachtaí a bhaineann le rialúchán reachtúil agus teidil a chosaint.

Rannpháirteachas le Céimithe

Rinne CORU rannpháirteachas spriocdhírithe le mic léinn agus le soláthraithe oideachais in 2025 chun tacú le hiontráil thráthúil ar na cláir. Áiríodh leis sin seimineáir ghréasáin do mhic léinn sa bhliain dheireanach i ngairmeacha éagsúla, rannpháirteachas díreach le soláthraithe clár agus rannpháirtíocht in imeachtaí oideachais náisiúnta.

D'fhreastail CORU ar an taispeántas Higher Options ag an RDS agus rinne sé caidreamh díreach le mic léinn ionchasacha a bhí ag smaoineamh ar ghabháil de ghairm bheatha i ngairmeacha rialáilte CORU.



Foireann Dearbhaithe Cáilíochta Oideachais CORU ag tacú le mic léinn ar a dturas chuig gairm bheatha ag Higher Options san RDS. Sa ghrianghraf: Peter Hughes, Darlene Doyle agus Sneha Sarcar

Reáchtáladh seimineáir ghréasáin do ghairmithe a bhain cáilíochtaí sláinte agus cúraim shóisialaigh amach sa Ríocht Aontaithe faoin gconair Caighdeáin ar Leibhéil Chomónta, chun cabhrú le hiarratasóirí tuiscint a fháil ar na riachtanais aitheantais roimh iarratas a dhéanamh.

Thacaigh rannpháirteachas le grúpaí ceannaireachta acadúla, lena n-áirítear rannpháirtíocht sa Chomhdháil Náisiúnta don Ghrúpa Príomhoifigeach Acadúil, le hailíniú níos soiléire idir soláthraithe oideachais agus riachtanais rialála.

Ionadaíocht a dhéanamh ar CORU ar fud na hÉireann

D'fhreastail ionadaithe CORU ar raon imeachtaí náisiúnta gairmiúla agus earnála i rith 2025, agus rinne siad cuir i láthair iontu, chun rannpháirteachas le cleachtóirí, fostóirí agus páirtithe leasmhara beartais a neartú.

Áiríodh leo sin rannpháirtíocht i gComhdháil Bhliantúil Chúram Sóisialta Éireann, imeachtaí le linn Sheachtain Feasachta Seirbhísí Cónaithe do Leanaí de chuid Tusla agus Lá Fíorúil na nGairmeacha de chuid Sheirbhísí Míchumais FSS. Ghlac CORU páirt sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta freisin, áit ar chuir sé faisnéis faoi ghairmeacha rialáilte agus faoin tábhacht a bhaineann le clárú ar fáil don phobal go díreach.

Ionadaíocht a Dhéanamh ar CORU ar fud an Domhain

Bhí láithreacht idirnáisiúnta ag CORU in 2025. Rinne baill foirne cuir i láthair ag fóraim rialála domhanda, ina measc seisiúin ag Comhdháil Bhliantúil Oideachais an Council on Licensure, Enforcement and Regulation (CLEAR) sna Stáit Aontaithe. Déantar taithí CORU a roinnt ag na himeachtaí seo agus foghlaimíonn CORU ón dea-chleachtas idirnáisiúnta i rialáil sláinte agus cúraim shóisialaigh.



Lee McLoughlin ag déanamh ionadaíochta ar CORU ag Seachtain Feasachta Seirbhísí Cónaithe do Leanaí



Sneha Sarcar agus Darlene Doyle, Foireann Oideachais CORU, ag Lá FGL Tusla - Caighdeáin a Neartú trí Fhorbairt Ghairmiúil

Feasacht agus Rannpháirteachas a Thomhas

Tháinig fás ar infheictheacht CORU mar aon lena ghníomhaíocht rialála in 2025. Trí fheachtais spriocdhírithe, léargais ar an lucht saothair a fhoilsiú, rannpháirteachas gníomhach a dhéanamh leis na meáin agus ionadaíocht ag fóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta, neartaigh an eagraíocht tuiscint daoine ar a ról chun an pobal a chosaint. Ní iarrachtaí fánacha a bhí ansin. Tá siad mar chuid de straitéis bheartaithe lena chinntiú go bhfuil tuiscint ar an rialúchán reachtúil ag na daoine a bhfreastalaíonn sé orthu, go bhfuil rochtain acu air agus muinín acu as.



CORU ag nascadh le pobail ar fud na tíre ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2025. Sa ghrianghraf: Emma McGrath, Clare Quille, Niamh Skelly, Jane Marks

Cuspóir Straitéiseach 5:

Beidh an taighde agus tuairimí fianaisebhunaithe mar bhonn faoin idirghabháil rialála againn



Lean CORU ar aghaidh ag neartú an bhoinn fianaise atá taobh thiar dá chinntí rialála in 2025.

De réir mar a tháinig níos mó gairmeacha níos gaire don rialáil agus de réir mar a tugadh cleachtas feabhsaithe isteach, dhírigh an eagraíocht ar a chinntiú go raibh taighde, comhairliúchán agus sonraí ag tacú le caighdeáin, beartais agus struchtúir.

Caighdeáin agus Creataí Fianaise-bhunaithe

In 2025, chuir CORU athbhreithniú ar a Chreat-Chaighdeáin Inniúlachta agus Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna i gcrích tar éis comhairliúcháin fhairsing le páirtithe leasmhara.

Cinntíonn an obair sin go mbíonn caighdeáin rialála ábhartha i gcónaí don chleachtas gairmiúil a bhíonn ag athrú agus go leantar ar aghaidh ag tacú le cosaint an phobail. Cuirfear na creataí nuashonruithe i bhfeidhm de réir a chéile i ngach gairm rialáilte.

An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Chóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice CORU le linn na bliana.

Tá taighde ar phríomhthreochtaí agus an méid a foghlaimíodh ó rialtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn eolais don obair sin, rud a chinntíonn go bhfanann na Cóid cothrom le dáta agus ábhartha i ngach gairm rialáilte.

Measúnuithe ar Thionchar Rialála

In 2025, cheadaigh Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí Measúnú ar Thionchar Rialála agus Measúnú ar Chomhréireacht i ndáil le tabhairt isteach an rannáin d'fhisiteiripeoirí a dhéanann atreorú.

D'fhiosraigh na measúnuithe sin cé acu a bhí nó nach raibh cleachtas feabhsaithe sa ghairm de dhíth, cuí agus i gcomhréir le ceanglais an AE.

Maidir le gairmeacha eile a bhí ag dul i dtreo na rialála, leanadh de scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna comhréireachta agus reachtacha lena chinntiú go raibh bearta rialála beartaithe láidir ó thaobh an dlí de roimh iad a chur i bhfeidhm.

Múnlaí Rialála a Scrúdú

Rinneadh dul chun cinn ar an obair chun sásraí aitheantais do ghairmeacha áirithe a neartú in 2025. Rinneadh dul chun cinn ar phróisis soláthair chun measúnú ar inniúlacht ghairmiúil d'eolaithe míochaine a fhorbairt. Ina theannta sin, bunaíodh meithleacha chun fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le measúnuithe dá leithéid a fhorbairt do radagrafaithe, teiripeoirí radaíochta agus fisiteiripeoirí.

Treoir a Fhorbairt

Rinne CORU dul chun cinn ar threoir a fhorbairt agus a fhoilsiú d'fhostóirí agus do chláraithe maidir le taisc a tharmligean go cuí chuig róil chúnta. Bhí rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus fianaise ón gcleachtas mar bhonn eolais don treoir sin, a thacaíonn le soláthar seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha.

Sonraí agus Léargas ar an Lucht Saothair

Lean CORU ar aghaidh ag baint úsáid as sonraí clárúcháin agus aitheantais mar bhonn eolais dá chur chuige rialála. Tugann anailís ar chomhdhéanamh an chláir, sreafaí céimithe agus treochtaí maidir le hiarratasóirí idirnáisiúnta tacaíocht don phleanáil inmheánach agus do thuiscint a fháil ar an lucht saothair níos leithne.

Rinne an rannpháirteachas leis an bPríomh-Oifig Staidrimh le linn na bliana an bonn fianaise sin níos láidre agus chuir sé le tuiscint níos soiléire ar phatrúin lucht saothair i ngairmeacha rialáilte.

Monatóireacht a Dhéanamh ar Threochtaí maidir le Gearáin agus Próiseáil

Rinneadh anailís ar shonraí maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh agus ar an méadracht chun aitheantas a phróiseáil i rith na bliana chun treochtaí agus réimsí nach mór aird a thabhairt orthu a shainaithint. Tacaíonn an bealach struchtúrtha seo chun úsáid a bhaint as sonraí le cinnteoireacht chomhréireach agus cuireann sé ar chumas na heagraíochta próisis a bheachtú nuair is gá.

Rannpháirteachas Seachtrach agus Léargas Rialála

Lean CORU de rannpháirteachas le comhlachtaí rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina measc CLEAR agus an Institute of Regulation. Tacaíonn an rannpháirteachas seo le heolas agus dea-chleachtas a roinnt, neartaíonn sé bonn fianaise CORU agus cuireann sé bonn eolais ar fáil don fhorbairt leanúnach ar a chur chuige rialála.

D'athdhearbhaigh CORU a thiomantas don rialáil fhianaise-bhunaithe in 2025. Trí chomhairliúchán, measúnú ar thionchar rialála agus úsáid struchtúrtha a bhaint as sonraí, chinntigh an eagraíocht go raibh cinntí rialála bunaithe ar thaighde, anailís agus léargas intomhaiste.

Chuir CORU taighde i gcrích chun treochtaí a shainaithint i ngearáin a fuarthas faoi chláraithe idir 2021 agus 2024, an dá bhliain sin san áireamh, chun tuiscint a fháil ar na saincheisteanna is coitianta ba chúis le gearáin agus, i gcásanna áirithe, imeachtaí foirmiúla.

Neartaíonn an cur chuige seo cosaint an phobail agus muinín as an gcreat rialála.



Vicky Kelly, Bainisteoir Dearbhaithe Cáilíochta Oideachais, agus Claire O'Cleary, POF CORU, ag Comhdháil Oideachais CLEAR 2025

Seirbhísí Corparáideacha

Tá rannóg CORU um Sheirbhísí Corparáideacha mar bhonn agus taca le gach feidhm rialála ar fud na heagraíochta.

Faoi stiúir Clare Quille, Ceann Seirbhísí Corparáideacha, déanann an rannóg maoirseacht ar airgeadas, soláthar, acmhainní daonna, cumarsáid, bainistiú téarmaí oifige, rialachas, comhlíonadh, riosca, bainistiú saoráidí, bainistiú ar chosaint sonraí agus saoráil faisnéise, agus tacaíocht rúnaíochta.

Bainistiú Airgeadais agus Soláthair

Bhainistigh Seirbhísí Corparáideacha buiséad ceadaithe CORU le haghaidh 2025 (€12 mhilliún) i mbliain d'fhás leanúnach oibríochtúil agus éileamh méadaithe ar rialáil.

Rinneadh monatóireacht ghníomhach ar chaiteachas i rith na bliana, agus tugadh tuairiscí míosúla don Chomhairle agus don Roinn Sláinte. Bhí an caiteachas ar phá fós faoin mbuiséad mar gheall ar fholúntais agus earcaíocht chéimnithe, ach tháinig méadú ar an gcaiteachas neamhphá i réimsí áirithe.

Bhí an t-ioncam ó tháillí a fuarthas le linn 2025 65% níos airde ná sa bhliain roimhe, mar gheall, go príomha, ar an líon ard oibrithe cúraim shóisialaigh a d'íoc táillí clárúcháin den chéad uair.

Tháinig méadú 2% ar chaiteachas neamhphá ar an iomlán in 2025. Tháinig méadú chun cinn sna rannóga clárúcháin agus aitheantais, go príomha, áiteanna ina raibh acmhainní breise de dhíth chun tacú leis an próiseas an iarratais ar chlárúchán.

Bainistíodh an róchaitheamh sin laistigh d'acmhainní a bhí ann cheana féin agus níor theastaigh aon mhaoiniú breise ón Roinn ina leith, ós rud é go ndearnadh iad a fhritháireamh le tearc-chaitheamh i réimsí eile, amhail Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, agus méid ard táillí clárúcháin ó oibrithe cúraim shóisialaigh. Níor theastaigh ach 86% den mhaoiniú a bhí ceadaithe roimh ré ag an Roinn le linn 2025.

Bhí an caiteachas ar chóiríocht beagán os cionn an bhuiséid mar gheall ar dheisiúcháin agus cothabháil. Tháinig méadú ar roinnt costas riaracháin i réimsí amhail árachas, postas agus muirir bhainc, rud a léiríonn uas-scálú eagraíochtúil.

Acmhainní Daonna

Díríodh go mór ar phleanáil don lucht saothair in 2025 de réir mar a tháinig méadú ar an líon iarratas agus ar an ngníomhaíocht rialála i roinnt mhaith gairmeacha.

Faoin 31 Nollaig 2025, bhí 103 ball foirne WTE (coibhéis lánaimseartha) fostaithe ag CORU, rud a léiríonn an fás leanúnach san eagraíocht chun tacú leis na feidhmeanna rialála a bhí ag dul i méid. Dheonaigh an Roinn Sláinte sé phost cheadaithe le linn na bliana agus líonadh iad, ina measc róil i gClárúchán, Aitheantas, Dlí, Straitéis agus Beartas, agus Seirbhísí Corparáideacha.

Dhírigh gníomhaíocht earcaíochta i rith 2025 ar an gcumas oibríochtúil a neartú mar fhreagairt ar an líon méadaithe iarratas, go háirithe i gClár na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh agus sa phróiseáil aitheantais.

Cumarsáid

Bhí ról lárnach straitéiseach ag Cumarsáid in 2025, ag tacú le sainordú rialála CORU trí ghníomhaíocht chun feasacht an phobail a ardú, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus bainistiú struchtúrtha ar na meáin i mbliain ina raibh infheictheacht mhéadaithe ag an eagraíocht.

Tosaíocht ollmhór ab ea an feachtas clárúcháin d'oibrithe cúraim shóisialaigh, sular dúnadh an idirthréimhse ina bhféadfadh cleachtóirí reatha clárú, an 30 Samhain 2025. Reáchtáladh feachtas náisiúnta spriocdhírithe sna meáin ar an raidió, ar ardáin dhigiteacha fuaime agus sna meáin shóisialta.

Thug an feachtas sin tacaíocht do sheimineáir ghréasáin, rannpháirteachas le fostóirí, rannpháirtíocht i gcomhdhálacha agus ábhair threorach shoiléire i gcomhar leis an bhfoireann Clárúcháin.



POF CORU, Claire O'Cleary, á cur faoi agallamh don chlár Alive and Kicking ar Newstalk le Clare McKenna

Rinneadh rannpháirteachas mór agus tháinig méadú suntasach ar an líon cuairteoirí ar an suíomh gréasáin roimh an spriocdháta, mar thoradh ar an bhfeachtas.

Thug Cumarsáid tacaíocht do sheoladh na gCaighdeán agus na gCritéar do Chomhairleoirí agus Síciteiripeoirí i mí Iúil 2025. Áiríodh leis sin doiciméid agus ábhar físe a chruthú agus bainistiú struchtúrtha a dhéanamh ar fhiosrúcháin ón Oireachtas, ó na meáin agus ó pháirtithe leasmhara.

Lean an méadú ar rannpháirteachas digiteach le linn 2025, go háirithe ar LinkedIn, rud a neartaigh an méid daoine a ndearna CORU teagmháil leo, ina measc cláraithe, lucht déanta beartas agus an pobal.

I mí na Samhna 2025, thug an fhoireann Cumarsáide tacaíocht do sheoladh na tuarascála ar Staid an Chláir. Bhain sé sin le dearadh, cur i láthair agus scaipeadh na tuarascála, lena n-áirítear an seoladh oifigiúil leis an Aire Sláinte, Jennifer Carroll MacNeill TD, a bhainistiú.

Gnóthaí Poiblí agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

Rinneadh rannpháirteachas suntasach poiblí agus polaitiúil in 2025, go háirithe i ndáil le próisis aitheantais agus rialáil comhairleoirí agus síciteiripeoirí.

Fuair CORU 46 Ceist Pharlaiminte agus 86 uiríoll ó Theachtaí Dála i rith na bliana. Bhain siad go príomha le haitheantas, clárúchán agus caighdeáin do chomhairleoirí agus síciteiripeoirí.

Chomhordaigh Seirbhísí Corparáideacha freagairtí tráthúla, tras-rannacha agus rannpháirteachas leanúnach leis an Roinn Sláinte.

Bhí cruinnithe struchtúrtha agus próisis chomhairliúcháin le comhlachtaí gairmiúla, grúpaí fostóirí agus soláthraithe oideachais i gceist leis an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara freisin.

Saoráil Faisnéise

Píosa reachtaíochta Éireannach atá san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, faoina dtugtar cead don phobal teacht ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí a mhéid is mó is féidir agus, san am céanna, cothromaíocht ann idir leas an phobail agus ceart an duine chun príobháideachais.

Phróiseáil Aonad CORU um Shaoráil Faisnéise 31 iarraidh in 2025. 12 n-iarraidh acu sin, iarrataí ar fhaisnéis phearsanta a bhí iontu, meascán d'fhaisnéis phearsanta agus neamhphearsanta a bhí in aon cheann amháin acu agus iarrataí ar fhaisnéis neamhphearsanta iad 18 gcinn acu. Foilsíonn CORU cuntas nochtuithe i dtaobh na n-iarratas neamhphearsanta ar fad ar a láithreán gréasáin.

Nochtaí Cosanta

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá oibleagáid ar CORU tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ina dtugtar mionsonraí faoi líon nochtaí cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus an beart (más ann dó) a rinneadh ina leith. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta in 2025.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

I gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2022, foilsíonn CORU a thuarascálacha bliantúla, a ráitis airgeadais, folúntais poist, fógraí faoi chomhairliúcháin phoiblí agus fógraí faoi thoghcháin i nGaeilge. Déanann CORU teagmháil i nGaeilge le gach duine a iarrann an tseirbhís sin.

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Tagann Dualgas na hEarnála Poiblí faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn, féachaint le deireadh a chur leis an idirdhealú, cearta an duine a chosaint dá bhfostaithe agus do na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh.

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) curtha i bhfeidhm ag CORU i gcreat straitéiseach agus oibríochtúil na Comhairle i gcaitheamh 2025. Féachann CORU chuige go ndéantar na prionsabail sa Dualgas a neadú sa rialáil ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. San am céanna, leanann CORU de dhul chun cinn a dhéanamh ar dhigitiú na gcóras agus na bpróiseas san eagraíocht, agus tús áite á thabhairt don inrochtaineacht agus don ionchuimsitheacht. Tá gealltanas tugtha ag CORU go ndéanfar athbhreithniú ar thionscadail lárnacha i gcomhthéacs an chomhionannais agus chearta an duine ionas go mbeidh cur chuige cothrom ionchuimsitheach ann i leith na rialála gairmiúla, é sin bunaithe ar chearta.

Comhlíonadh Chiorclán 1/2020: Astaíochtaí ón Aerthaisteal Oifigiúil a Frithcháireamh

Cloíonn CORU le Ciorclán 1/2020 i gcónaí. Cuirtear gnásanna i bhfeidhm leis na hastaíochtaí ón aerthaisteal oifigiúil a frithcháireamh. In 2025, rinne CORU 6.34 tonna astaíochtaí CO^2 a frithcháireamh san iomlán. Bhí íocaíocht frithcháirimh €450.14 ann dá bharr.

Cosaint Sonraí

Is rialaitheoir sonraí é CORU i gcomhthéacs na faisnéise pearsanta atá ina sheilbh ag baint le cláraithe, fostaithe agus páirtithe eile. Úsáideann CORU faisnéis phearsanta le go mbeimid in ann ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail mar an comhlacht rialála do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn.

Coinnítear slán sábháilte an fhaisnéis phearsanta go léir a chuirtear faoi bhráid CORU agus caitear leis an bhfaisnéis sin i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus leis an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Phróiseáil an tAonad um Chosaint Sonraí 79 n-iarraidh san iomlán in 2025. Meascán a bhí i gceist: iarrataí ar shonraí (74) faoi Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS), iarraidh ar cheartú (ceann amháin) faoi Airteagal 16 agus Airteagal 19 den RGCS agus iarrataí ar léirscriosadh (ceithre cinn) faoi Airteagal 17 agus Airteagal 19 den RGCS.

Tacaíocht Rúnaíochta agus Rialachais

Chuir Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht rúnaíochta ar fáil don Chomhairle, do na Boird Chlárúcháin agus do choistí éagsúla i rith 2025.

Tugadh tacaíocht le linn na bliana do naoi gcruinniú den Chomhairle, ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, ceithre chruinniú den Choiste Airgeadais, Feidhmíochta agus Acmhainní, cúig chruinniú den Choiste Ainmniúcháin agus 102 cruinniú de na Boird Chlárúcháin. Áiríodh leis sin páipéir chruinnithe a chomhordú, cinntí a thaifeadadh agus taifid rialachais reachtúla a choimeád.

Téarmaí Oifige

Phróiseáil an fhoireann um théarmaí oifige 60 ceapachán nua, ceathrar díobh sin a d'éirigh as, agus sé athcheapachán chuig Boird Chlárúcháin agus chuig an gComhairle.

Chabhraigh an fhoireann le fodhlíthe a dhéanamh maidir le toghchán ar líne le haghaidh sé Bhord Clárúcháin in 2025.

Tionóladh tréimhse ainmniúcháin i R2 don Bhord Clárúcháin Súil-Liachta, do Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí agus do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair, agus ina dhiaidh sin tionóladh na chéad toghcháin ar líne d'iarrthóirí chuig an mBord Clárúcháin Súil-Liachta agus chuig Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí.

Ní raibh toghchán ar líne de dhíth le haghaidh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair, ós rud é go ndearna líon leordhóthanach iarrthóirí iarratas ar an bhfolúntas a bhí ar fáil. Líonamar folúntas amháin don Bhord trí cheapachán ag an Aire Sláinte, ós rud é nár ainmníodh aon iarrthóir d'fholúntas a bhí fanta.

Tionóladh tréimhse ainmniúcháin i R3 do Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe agus toghadh beirt iarrthóirí don dá fholúntas a bhí ar fáil. Líonadh folúntas amháin don Bhord trí cheapachán ag an Aire Sláinte, ós rud é nár ainmníodh aon iarrthóir d'fholúntas a bhí fanta.

Reáchtáladh feachtas chun Cathaoirleach a earcú chuig an gCoiste Réamhimeachtaí agus thosaigh an duine a ceapadh a théarma oifige i mí na Nollag 2025.

Reáchtáladh feachtas chun beirt chomhaltaí seachtrach a earcú chuig an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, agus chuir an bheirt chomhaltaí nua tús lena dtéarmaí oifige in 2025.

Córais Dhigiteacha agus Cháilíochta

Tá an rannóg Córais Dhigiteacha agus Cháilíochta, faoi stiúir Melika Khandanian, freagrach as bonneagar digiteach, rialachas córas, tuairisciú eagraíochtúil agus maoirseacht cáilíochta CORU a fhorbairt agus a chothabháil.

Tacaíonn an rannóg le seachadadh oibríochtaí rialála trína chinntiú go bhfuil córais, sonraí agus creata tuairiscithe láidir, slán agus ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha.

Léargais atá Bunaithe ar Shonraí

Trí shonraí a bharrfheabhsú, bhí an rannóg in ann an tuarascáil Staid an Chláir a fhorbairt agus a fhoilsiú i gcomhpháirtíocht leis an Rannóg Clárúcháin. Tugann an tuarascáil léiriú praiticiúil ar an gcaoi ar féidir le sonraí léargais thábhachtacha a chur ar fáil agus cinnteoireacht a threorú trí fhaisnéis faoi chláraithe ó gach gairm a chur i dtoll a chéile. Tugann sí miondealú mionsonraithe de réir na gairme, na haoise, na hinscne, an tsuímh gheografaigh agus an tír inar baineadh cáilíocht amach, chun forbhreathnú cuimsitheach a thabhairt ar chomhdhéanamh an chláir.

Trí na sonraí sin a thabhairt le chéile i bhformáid struchtúrtha, cuireann an tuarascáil ar chumas an léitheora treochtaí a shainaithint le himeacht aimsire, lena n-áirítear athruithe ar phróifíl an lucht saothair agus réimsí fáis i ngairmeacha éagsúla. Foilsíodh an tuarascáil i mí na Samhna 2025 agus úsáidtear í chun tacú le pleanáil don lucht saothair náisiúnta agus le beartais a fhorbairt.

An Straitéis Dhigiteach agus Rialachas TFC

Rinneadh dul chun cinn ar an obair faoin tionscnamh Éifeachtúlachtaí Oibríochtúla á gCumasú ag Digitiú mar chuid de Thosaíocht Straitéiseach 3.

Tugadh an Straitéis TFC agus an clár um Chlaochlú Digiteach chun cinn leis an tionscnamh, agus tugadh tacaíocht do chórais dhigiteacha a fhorbairt atá ailínithe le fás eagraíochtúil agus leis an méid rialála atá ag méadú.

Tá maoirseacht ar thionscadail dhigiteacha agus ar uirlisí digiteacha á déanamh tríd an gCoiste Stiúrtha TFC, coiste nuabhunaithe.

Rinneadh monatóireacht agus tuairisciú míosúil ar an gcaiteachas ar an Straitéis Dhigiteach, a léiríonn infheistíocht leanúnach i gcórais dhigiteacha. Bhí caiteachas méadaithe le linn na bliana nasctha le gníomhaíocht um chlaochlú digiteach ar fud na heagraíochta.

> Feidhmíonn an Tuarascáil ar Staid an Chláir mar léiriú praiticiúil ar an gcaoi ar féidir le sonraí léargais thábhachtacha a chur ar fáil agus cinnteoireacht a threorú trí fhaisnéis faoi chláraithe ó gach gairm a chur i dtoll a chéile.

Bonneagar agus Leanúnachas Gnó

In 2025, rinne an rannóg dul chun cinn ar an tionscadal um Athshlánú ó Thubaiste agus Uasghrádú ar Bhonneagar chun timpeallacht lárnach teicneolaíochta CORU a neartú. Áiríodh leis sin bonneagar TFC a aistriú chuig Ionad Sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus uasghráduithe sceidealaithe ar chrua-earraí a chur i gcrích chun feabhas a chur ar chobhsaíocht agus feidhmíocht córas.

Soláthraíodh réiteach nua ar athshlánú ó thubaiste leis an tionscadal freisin, rud a chuireann cumas cúltaca agus iomarcaíocht chórais níos fearr ar fáil. Le chéile, neartaigh na bearta sin leanúnachas oibríochtúil agus chuir siad feabhas ar chreat foriomlán cibearshlándála agus athléimneachta CORU.

Nuachóiriú Córas

Rinneadh uasghráduithe sainmhínithe ar chórais in 2025 chun timpeallacht dhigiteach CORU a nuachóiriú. Áiríodh leis sin an suíomh gréasáin corparáideach a aistriú chuig timpeallacht néalríomhaireachta agus an córas AD a aistriú chuig ardán néalbhunaithe tar éis an phróisis soláthair a chur i gcrích.

Cáilíocht agus Uathoibriú

In 2025, cuireadh Céim 1 de Chóras Bainistíochta Cáilíochta i bhfeidhm mar chuid den chlár oibre Córais Dhigiteacha agus Cháilíochta.

Rinneadh dul chun cinn le linn na bliana ar uirlisí uathoibrithe a mheas agus a úsáid mar chuid de thionscnaimh níos leithne um éifeachtúlacht dhigiteach.

Dearbhú Cáilíochta Oideachais

Cinntíonn agus fíoraíonn rannóg CORU um Dhearbhú Cáilíochta Oideachais go gcomhlíonann cláir oideachais agus oiliúna na caighdeáin riachtanacha agus go bhfuil daoine a cháilíonn faoi na cláir sin ullmhaithe go cuí chun cleachtadh go sábháilte agus go hinniúil sula gcuirtear ar chlár iad.

Faoi stiúir Garrett Duffy, Ceann Dearbhaithe Cáilíochta Oideachais, déanann an rannóg maoirseacht ar cheadú clár agus ar an monatóireacht a dhéantar orthu, tugann sí tacaíocht do Bhoird Chlárúcháin chun critéir oideachais a leagan síos, bainistíonn sí iniúchtaí CORU ar FGL agus tugann sí treoir do sholáthraithe oideachais nuair a thagann gairmeacha nua faoi réir ag rialúchán reachtúil.

Tacú le Cláir Nua

Díríodh go mór in 2025 ar thacú le gairmeacha a bhí á n-ullmhú féin chun cláir nua a oscailt.

Tar éis Caighdeáin Inniúlachta agus Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna do chomhairleoirí, síciteiripeoirí agus na speisialtóireachtaí síceolaíochta a fhoilsiú, tosaíodh ar rannpháirteachas díreach le soláthraithe oideachais.

Áiríodh leis an obair sin rannpháirteachas struchtúrtha trí bhualadh le soláthraithe oideachais ar leith, seisiúin oiliúna faoi chaighdeáin agus riachtanais CORU a chur ar fáil, agus tacú le soláthraithe inneachar cúrsaí agus socrúcháin chleachtais a ailíniú leis na critéir rialála nua.

Is é is aidhm leis an obair seo a chinntiú go bhfuil cláir réidh lena gceadú agus go gcomhlíonfaidh céimithe ó ghairmeacha atá á rialáil den chéad uair na caighdeáin riachtanacha nuair a osclaítear na cláir.

Gníomhaíocht maidir le Ceadú Clár - 2025

Gníomhaíocht	Líon
Cláir a ceadaíodh	3
Cláir a ndearnadh monatóireacht orthu	14
Athbhreithniú leanúnach ar chláir	6
Cuairteanna athbhreithnithe a tugadh	11

Leis an nuashonrú bliantúil a tugadh isteach in 2025, cuirtear sásra ar fáil trínar féidir le soláthraithe oideachais faisnéis chothrom le dáta faoin earnáil a thabhairt do CORU.

Ceanglaítear ar chláir cheadaithe faisnéis a thabhairt do CORU ar bhonn bliantúil i ndáil le faisnéis oibríochtúil faoi bhaill foirne, an cohórt mac léinn agus athruithe móra ar inneachar agus seachadadh an chláir. Cuireann sé ar chumas soláthraithe cumarsáid a choinneáil ar bun le Boird Chlárúcháin taobh amuigh den timthriall ceadaithe agus monatóireachta.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Is é Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) an bealach a chinntíonn CORU go ndéanann cláraithe a scileanna a chothú agus a uasdátaú tar éis dóibh bheith curtha ar chlár. Rinneadh ceithre iniúchadh FGL i gcúig ghairm in 2025 - fisiteiripeoirí, oibrithe sóisialta, teiripeoirí saothair, optaiméadraithe agus radharceolaithe dáiliúcháin. Tá iniúchtaí bunaithe ar rogha randamach cláraithe, mar aon le cláraithe a roghnaítear go huathoibríoch tar éis iarchur roimhe seo.

Cuireadh an próiseas iniúchta FGL ar líne go hiomlán in 2025 leis an gcóras bainistithe cláraithe, rud a chuireann feabhas ar éifeachtúlacht agus a fhágann go bhfuil sé níos éasca do chláraithe a dtaifid FGL a chur isteach.

Gairm	Roghnaíodh go Randamach	Roghnaíodh go hUathoibríoch	Líon Iomlán ar Glaodh orthu	Baint de na cláir ar bhonn deonach (gan gá le hiniúchadh)	Iarratas ar Iarchur	Iarchur Ceadaithe	Iarchur Diúltaithe	Taifid Chomhlíontacha	Neamhchomhlíontacha
Teiripeoirí Saothair	83	18	101	3	25	23	2	73	1
Radharceolaithe	30	2	32	1	6	6	0	25	0
Oibrithe Sóisialta	122	45	167	13	63	55	8	99	0
Fisiteiripeoirí	141	21	162	6	28	27	1	126	2

Triail ar Inniúlacht Ghairmiúil

In 2025, tosaíodh ar raon feidhme a leagan amach d'fhorbairt na dTrialacha ar Inniúlacht Ghairmiúil chun tacú le cinntí faoi aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí idirnáisiúnta. Tá na trialacha seo ceaptha a mheas an gcomhlíonann iarratasóir an caighdeán riachtanach eolais agus scile chun cleachtadh go sábháilte in Éirinn.

Tiocfaidh an Triail ar Inniúlacht Ghairmiúil in ionad an mheasúnaithe pháipéar-bhunaithe a dhéantar faoi láthair ar iarratasóirí idirnáisiúnta neamh-AE.

Stádas Forbartha na Trialach ar Inniúlacht Ghairmiúil

Gairm	Stádas
Eolaíocht Leighis	Próiseas tairisceana ar bun
Radagrafaíocht	Obair féidearthachta ar bun
Teiripe Radaíochta	Obair féidearthachta ar bun
Fisiteiripe	Obair féidearthachta ar bun
Optaiméadracht agus Radharceolaithe Dáiliúcháin	Obair féidearthachta ar bun

Fáilte á cur ag CORU roimh Oifigigh FGL ó roinnt mhaith de na gairmeacha a ndéanaimid a rialáil





Fáilte á cur ag CORU roimh thoscaireacht ó Ghairmeacha Sláinte Comhghaolmhara na Malaeisia

D'oibrigh an rannóg Dearbhaithe Cáilíochta Oideachais agus an rannóg Aitheantais le chéile chun próiseas tairisceana a thabhairt chun cinn maidir le soláthraí a shainaithint chun Triail ar Inniúlacht Ghairmiúil don eolaíocht míochaine a chur ar fáil. An tráth céanna, bunaíodh meithleacha chun fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht Measúnuithe ar Inniúlacht Ghairmiúil a thabhairt isteach don radagrafaíocht, don teiripe radaíochta agus don fhisiteiripe.

Rannpháirteachas le Soláthraithe Oideachais

I rith 2025, lean an fhoireann Dearbhaithe Cáilíochta Oideachais dá rannpháirteachas le soláthraithe ardoideachais agus le heagraíochtaí san earnáil chun tacú le tuiscint ar chreat rialála CORU.

Thug an fhoireann 24 seisiún oiliúna do sholáthraithe clár a bhfuil baint acu leis an bpróiseas ceadaithe clár agus leis an bpróiseas monatóireachta clár, agus thionóil sí 22 cruinniú rannpháirteachais breise le soláthraithe ag luathchéim léirithe spéise.

Forbraíodh lógó nua 'Ceadaithe ag CORU' agus treoraíocht branda, a thugann bealach soiléir agus comhsheasmhach do sholáthraithe oideachais chun a gcláir cheadaithe a thaispeáint i réamheolairí agus ar líne.

Díríodh go sonrach le linn na bliana ar shocrúcháin chleachtais agus inrochtaineacht, agus bhí oifigigh mhíchumais, soláthraithe oideachais, mic léinn agus grúpaí tacaíochta i gceist leis an rannpháirteachas. Foilsíodh an treoraíocht a d'eascair as an obair sin go luath in 2026.

Bhí taighde ar theileashláinte, a rinneadh leis an Oifig um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, mar bhonn eolais do threoir faoi inniúlacht dhigiteach do sholáthraithe oideachais, agus tá sí le foilsiú in 2026 freisin.

Cuireadh cláir atá ceadaithe ag CORU chun cinn trí rannpháirteachas le heagraíochtaí amhail Institiúid na dTreoirchomhairleoirí agus an Association of Higher Education Careers Services, agus ag imeachtaí poiblí lena n-áirítear Higher Options agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

> Thug an fhoireann 24 seisiún oiliúna do sholáthraithe clár a bhfuil baint acu leis an bpróiseas ceadaithe clár agus leis an bpróiseas monatóireachta clár



Fáilte á cur ag Rannóg Dearbhaithe Cáilíochta Oideachais CORU roimh sholáthraithe oideachais comhairleoireachta agus síciteiripe ag ócáid a dhírigh ar Chritéir CPRB do Chláir Oideachais agus Oiliúna

Gnóthaí Dlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Déanann rannóg CORU um Ghnóthaí Dlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh bainistiú ar ghearáin faoi chláraithe, maoirseacht ar fhiosrúcháin reachtúla, cinntíonn sí go n-úsáidtear teidil ghairmiúla chosanta go dleathach agus bainistíonn sí gnóthaí dlí CORU.

Tá an obair sin bunúsach do ról CORU maidir leis an bpobal a chosaint agus muinín as a chláir a chothú.

Is í Erica Champ ceann na rannóige, a stiúir William Slattery in 2025 mar Cheann Gníomhach Dlí. Tacaíonn an rannóg seo leis an gCoiste Réamhimeachtaí agus leis na Coistí Fiosrúcháin, ullmhaíonn sí cásanna le héisteacht, cuireann sí comhairle ar an gComhairle agus ar na Boird Chlárúcháin faoi chúrsaí dlí agus déanann sí gníomh forfheidhmithe i gcás ina mbaineann daoine mí-úsáid as teidil chosanta nó ina dtugann siad míléiriú ar a stádas clárúcháin.

De réir mar a thagann fás ar an líon cláraithe, tagann méadú ar líon agus castacht na ngearán agus na gníomhaíochta forfheidhmithe, rud a éilíonn cinnteoireacht chomhsheasmhach, thráthúil agus láidir.

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

In 2025, lean an fheidhm um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh ag scrúdú ábhair imní faoi iompar, feidhmíocht agus sláinte cláraithe. Cinntíonn an próiseas go ndéantar gearáin a bhreithniú go neamhspleách agus go ndéantar gníomh oiriúnach i gcás nach gcomhlíontar caighdeáin.

Gníomhaíocht maidir le Gearáin – 2025

Gearáin nua faighte	**73**
Gearáin a tugadh ar aghaidh go 2025	**34**
Atreoraithe lena bhFiosrú	**11**
Dúnta ag céim an PPC (Gan Ghníomh Eile)	**58**
Gearáin tarraingthe siar	**2**
Comhaid ghearáin ar oscailt an 31 Nollaig 2025	**32**

Gníomhaíocht Fiosraithe - 2025

Cásanna atreoraithe lena bhFiosrú	**11**
Fiosruithe a Reáchtáladh *	**15***
An líon a éisteadh os comhair an Choiste Iompair Ghairmiúil	**13**
An líon a éisteadh os comhair an Choiste Sláinte	**2**
Cásanna a dúnadh**	**25**

*Áirítear leis an uimhir fiosruithe a reáchtáladh in 2025, ag cuimsiú cásanna a osclaíodh in 2025 agus cásanna ó bhlianta roimhe sin.

**Áirítear leis an uimhir cásanna a raibh Fiosrú Lá 1 acu an bhliain roimhe agus a cuireadh i gcrích in 2025, chomh maith le cásanna a thagair don Chláraí céanna ar pléadh leo faoi aon Fhiosrú amháin.

Forfheidhmiú

Is é forfheidhmiú an próiseas trína dtugann CORU aghaidh ar úsáid neamhdhleathach a bhaint as teidil ghairmiúla chosanta. Bíonn feidhm aige má úsáideann daoine teideal gan a bheith cláraithe, má thugann siad míléiriú ar a stádas clárúcháin, nó má leanann siad orthu ag cleachtadh tar éis a bheith bainte ón gclár.

D'oscail an tAonad Forfheidhmiúcháin 84 comhad le linn 2025, i ndáil le feidhm forfheidhmiúcháin na Comhairle faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, arna leasú.

Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin 2025

Comhaid a tugadh ar aghaidh go 2025	**24**
Líon iomlán comhad forfheidhmiúcháin a osclaíodh in 2025	**84**
Líon iomlán comhad 2025	**108**
Líon iomlán comhad ar oscailt an 31 Nollaig 2025	**39**

Fodhlíthe

Lean an tAonad um Ghnóthaí Dlí de chomhairle agus cúnamh a chur ar fáil d'aonaid eile in CORU in 2025, agus don Chomhairle agus do na Boird Chlárúcháin de réir mar ba ghá.

Thug an Chomhairle cead chun deich bhfodhlí a dhéanamh in 2025.

Aitheantas

Is cuid ríthábhachtach de ról CORU i gcosaint an phobail é aitheantas a thabhairt d'iarratasóirí idirnáisiúnta.

Is é sin an próiseas trína gcinntíonn CORU go bhfuil na cáilíochtaí, scileanna agus caighdeáin chearta ag gairmithe a cháiligh lasmuigh d'Éirinn sular féidir leo dul isteach ar chlár de chuid CORU agus dul ag obair faoi theideal gairmiúil cosanta.

Is í an Ceann Aitheantais, Anne Marie Bennett, atá i gceannas ar an bhfoireann seo, a dhéanann maoirseacht ar mheasúnú cáilíochtaí idirnáisiúnta i ngach gairm rialáilte.

Oibríonn an fhoireann go dlúth leis na Boird Chlárúcháin agus leis na measúnóirí chun cinntí cothroma agus comhsheasmhacha a dhéanamh agus chun a chinntiú go ndéantar iarratais a phróiseáil chomh tapa agus is féidir, i gcomhréir leis an reachtaíocht. Má tá difríochtaí suntasacha idir oiliúint iarratasóra agus caighdeáin na hÉireann, is féidir beart cúitimh (CM) a shannadh; is féidir leis an iarratasóir roghnú Tréimhse Oiriúnaithe (POA) nó Triail Inniúlachta (AT) a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar a CM.

Gníomhaíocht Aitheantais - 2025

Fuarthas 2,689 iarratas idirnáisiúnta in 2025, méadú 13% ar 2024 (2,351). Tugadh aitheantas do 2,271 iarratasóir, méadú 40% i gcomparáid le 1,354 in 2024.

Feabhsuithe Oibríochtúla

Tugadh roinnt athruithe praiticiúla isteach in 2025 chun tráthúlacht cinntí a fheabhsú.

Phléigh an Cláraitheoir go díreach le gnáthchásanna seachas fanacht ar chruinniú boird. Leathnaíodh an bealach mear do cháilíochtaí áirithe atá an-ghar do chaighdeáin na hÉireann. Faoin mbealach seo, is féidir iarratais lena mbaineann cáilíochtaí a chomhlíonann caighdeáin CORU cheana féin a phróiseáil níos tapúla. Chuir na céimeanna sin laghdú mór ar mhoilleanna agus feabhas ar éifeachtúlacht, agus choinnigh siad béim láidir ar chosaint an phobail an tráth céanna.

In 2025, ba 61 lá a bhí sa mheán-am próiseála idir iarratas comhlánaithe agus cinneadh. Tugadh aitheantas do 197 iarratasóir idirnáisiúnta i mí na Nollag 2025 agus sa mhí sin amháin. Léiríonn na figiúirí sin go ndearnadh cinntí ar bhonn tráthúil go seasmhach, cé gur tháinig méadú ar an líon iarratas i rith na bliana.

Clárú

Is cuid lárnach de ról CORU i gcosaint an phobail é clárú. Cinntíonn sé nach gcuirtear ach daoine a bhfuil na cáilíochtaí, scileanna agus caighdeáin ghairmiúla cearta acu ar chlár de chuid CORU agus nach bhfuil cead ach ag na daoine sin teidil ghairmiúla a bhfuil cosaint dlí acu a úsáid.

Is í Christina Rafferty, Ceann Clárúcháin, a stiúrann an rannóg seo, a dhíríonn ar ghníomhaíocht chlárúcháin i ngach gairm rialáilte, i ndlúthchomhar leis an bhfoireann aitheantais. Oibríonn an fhoireann go dlúth leis na Boird Chlárúcháin freisin chun tacú le cinnteoireacht agus lena chinntiú go ndéantar iarratais a phróiseáil go tráthúil.

2025: Scála, Borradh agus Athchóiriú

Bliain thar a bheith torthúil ab ea 2025 don fhoireann chlárúcháin in CORU. Tháinig méadú ar an líon iomlán cláraithe ó 30,299 ag deireadh 2024 go dtí 36,645 faoi mhí na Nollag 2025. Fuarthas líon ard iarratas i rith na bliana agus d'ainneoin an éilimh leanúnaigh sin, tháinig feabhas ar agaí próiseála de réir mar a chuaigh feabhsuithe ar phróisis i bhfeidhm.



Íomhá d'fheachtas sna meáin shóisialta faoin spriocdháta clárúcháin d'oibrithe cúraim shóisialaigh ag fógairt ré nua don chúram sóisialach in Éirinn

Oibrithe Cúraim Shóisialaigh: An Bhliain Dheireanach den Idirthréimhse

Ba í 2025 an bhliain dheireanach den idirthréimhse d'oibrithe cúraim shóisialaigh a bhí i mbun cleachtaidh cheana féin sular tháinig cosaint teideal i bhfeidhm an 1 Nollaig 2025.

Fuarthas líon thar a bheith ard iarratas mar thoradh air sin. Bhí os cionn 20,000 iarratas faighte faoin spriocdháta, an 30 Samhain. Ba é sin an beart ionduchtúcháin ba mhó a rinne CORU ó bunaíodh é; b'éigean freagairt oibríochtúil dhian a thabhairt chun é a bhainistiú.

Próiseáladh os cionn 3,700 iarratas in 2025 ach tá cinneadh le déanamh fós i gcás cuid shuntasach de na hiarratais sin, agus tá na hiarratais eile á mbainistiú go gníomhach trí bhealaí sainmhínithe cinnteoireachta.

Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil

Tacaíonn an Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil (AoPC) le bealaí idirthréimhseacha do chleachtóirí reatha. Reáchtáladh scrúduithe AoPC le haghaidh roinnt gairmeacha le linn 2025, ina raibh ar iarratasóirí a thaispeáint gur chomhlíon siad an caighdeán inniúlachta don iontráil ar an gclár.

Faoi mhí na Nollag 2025, iontráladh 68 gairmí ar an gclár mar Oibrithe Cúraim Shóisialaigh nuair a d'éirigh leo sa Mheasúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil. Reáchtáladh na scrúduithe i mí Feabhra, i mí Aibreáin, i mí Lúnasa agus i mí Dheireadh Fómhair 2025. Bhí 80 iarratas eile ar chlárú mar Oibrí Cúraim Shóisialaigh faoi Alt 91 ag feitheamh ar mheasúnú AoPC ar a iarraidh sin, nó bhí treoir tugtha ag an mBord dóibh an AoPC a dhéanamh mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

Líon na gClárúchán de réir Gairme

Gairm	2024	2025	Méadú	% Fás
Bia-eolaithe	1,599	1,796	+197	12%
Radharceolaithe Dáiliúcháin	221	228	+7	3%
Eolaithe Míochaine	3,277	3,508	+231	7%
Teiripeoirí Saothair	3,817	4,132	+315	8%
Optaiméadraithe	1,049	1,116	+67	6%
Fisiteiripeoirí	6,390	7,455	+1,065	17%
Fisiteiripeoirí a dhéanann Atreorú*	–	16	-	Nua
Coslianna	482	597	+115	24%
Radagrafaithe	3,602	3,975	+373	10%
Teiripeoir Radaíochta	575	619	+44	8%
Oibrithe Sóisialta	5,638	6,044	+406	7%
Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga	2,502	2,674	+172	7%
Oibrithe Cúraim Shóisialaigh	1,141	4,501	+3,361	295%

Miondealú de réir Stádas Iarratais ag Deireadh na Bliana

Príomhstaitisticí Clárúcháin	
Líon Iomlán Iarratas ar Chlárúchán a Fuarthas (gach gairm) in 2025	25,452
Líon Iomlán Iarratas ar Chlárúchán a Próiseáladh (gach gairm) in 2025	7,123

> Bliain thar a bheith torthúil ab ea 2025 don fhoireann chlárúcháin in CORU. Tháinig méadú ar an líon iomlán cláraithe ó 30,299 ag deireadh 2024 go dtí 36,645 faoi mhí na Nollag 2025.

Baint de na Cláir

Ní raibh ach méid beag baint dheonach de na cláir, agus 309 cláraí i measc na ngairmeacha go léir ag roghnú fágáil. Léiríonn na cúiseanna meascán de ghluaiseachtaí sealadacha agus buana, agus sciartha comhchosúla ag sosanna gairme, ceadanna neamhláithreachta, bheith ag obair thar lear agus dul ar scor.

Is féidir cláraithe a bhaint de na cláir mura n-íocann siad an táille bhliantúil athnuachana freisin. Caithfidh cláraithe a gclárúchán a athnuachan gach bliain ar a dtimthriall athnuachana gairmiúil agus eisítear meabhrúcháin dóibh sé seachtaine roimh an dáta athnuachana ar an tairseach do chláraithe.

	Deonach	Neamhíocaíocht
Bia-eolaithe	7	9
Radharceolaithe Dáiliúcháin	4	4
Eolaithe Míochaine	41	61
Teiripeoirí Saothair	25	20
Optaiméadraithe	10	11
Fisiteiripeoirí	71	91
Coslianna	5	1
Radagrafaithe	33	53
Radagrafaithe - Teiripeoirí Radaíochta	13	14
Oibrithe Cúraim Shóisialaigh	6	-
Oibrithe Sóisialta	67	104
Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga	27	22
Mór-Iomlán	**309**	**390**

Straitéis agus Beartas

Tugann an rannóg Straitéise agus Beartais, faoi stiúir Catherine Byrne, Ceann Straitéise agus Beartais, tacaíocht don Chomhairle agus do na Boird Chlárúcháin chun na creataí rialála agus tograí reachtacha a fhorbairt atá mar bhonn agus taca le hobair CORU.

Oibríonn an fhoireann leis na boird reatha chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar riachtanais rialála, le boird atá ag obair i dtreo rialúchán reachtúil chun na struchtúir a bhunú chun a gcláir a oscailt, agus leis na gairmeacha ainmnithe sin nach bhfuil boird acu fós. Cuireann sí comhairle faoi bheartas ar an Roinn Sláinte freisin, de réir mar is gá.

Bhí ról lárnach ag an rannóg in 2025 chun rialáil gairmeacha ainmnithe a thabhairt chun cinn, tacú le hathchóiriú reachtach agus bonneagar rialála CORU a neartú.

2025: Dearadh, Seachadadh agus Dul Chun Cinn Reachtach

Rinneadh forbairt rialála shuntasach in 2025. Tugadh caighdeáin chun críche, cuireadh comhairliúcháin i gcrích agus rinneadh dul chun cinn ar chreataí rialála ó dhréacht go dtí glacadh foirmiúil i roinnt gairmeacha.

Cuireadh dlús leis an obair i gcomhar leis an Roinn Sláinte ar an mBille um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2024 agus ar ionstraimí reachtúla gaolmhara.

Síceolaithe

Rinneadh dul chun cinn maith in 2025 i dtreo rialúchán reachtúil do shíceolaithe a thabhairt isteach.

Cuireadh comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Chaighdeáin Inniúlachta agus Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna do shíceolaithe cliniciúla, síceolaithe comhairleoireachta agus síceolaithe oideachais i gcrích i mí na Nollag 2024. Rinne Bord Clárúcháin na Síceolaithe athbhreithniú agus breithniú ar na haighneachtaí a fuarthas sular cuireadh na doiciméid ar aghaidh lena gceadú agus lena bhfoilsiú in 2025.

In éineacht leis an obair sin, leanadh leis an bhforbairt ar an gcreat rialála níos leithne a theastaíonn chun an teideal *síceolaí* a chosaint.

Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí

Tar éis comhairliúcháin phoiblí ina bhfuarthas 689 aighneacht, rinne Bord Clárúcháin na gComhairleoirí agus na Síciteiripeoirí athbhreithniú mionsonraithe ar a dhréacht-Chaighdeáin Inniúlachta agus Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna sular foilsíodh iad i mí Iúil.

Tar éis an fhoilsithe, rinneadh rannpháirteachas mór le páirtithe leasmhara de réir mar a rinneadh dul chun cinn ar an gcreat rialála.

> Bhí ról lárnach ag an rannóg in 2025 chun rialáil gairmeacha ainmnithe a thabhairt chun cinn, tacú le hathchóiriú reachtach agus bonneagar rialála CORU a neartú.

Bithcheimiceoirí Cliniciúla agus Ortoptaigh

Tugadh anailís rialála dheasc-bhunaithe chun críche chun scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna reachtacha agus struchtúrtha a bhí de dhíth chun cláir a bhunú do bhithcheimiceoirí cliniciúla agus ortoptaigh.

Leis an obair sin, sainaithníodh dúshláin shonracha sa chreat reachtach reatha agus tugadh bonn eolais do rannpháirteachas leanúnach leis an Roinn Sláinte chun an bealach is cuí chuig rialúchán a chinneadh don dá ghairm ainmnithe sin.

Athchóiriú Reachtaíochta

Thacaigh Straitéis agus Beartas leis an dul chun cinn ar an mBille um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2024.

Rinneadh anailís theicniúil freisin chun comhlíonadh le ceanglais chomhréireachta an AE a chinntiú agus chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le cosaint teideal roimh chláir bhreise a oscailt.

Cleachtas Feabhsaithe a Chumasú

In 2025, thacaigh Straitéis agus Beartas le forbairtí rialála chun cleachtas feabhsaithe a chumasú i ngairmeacha rialáilte.

Garsprioc thábhachtach ab ea riachtanais rialála a chur i gcrích chun an Rannán Fisiteiripeoirí a Dhéanann Atreorú a bhunú. Áiríodh leis sin caighdeáin inniúlachta, riachtanais oideachais agus oiliúna, measúnú ar thionchar rialála agus anailís ar chomhréireacht.

Chuir sé sin ar chumas fisiteiripeoirí cuícháilithe othair a atreorú le haghaidh gnáthaimh raideolaíocha dhiagnóiseacha a bhfuil radaíocht ianúcháin i gceist leo, laistigh de chreat rialáilte atá deartha chun inniúlacht, comhréireacht agus sábháilteacht othar a chinntiú.

Treoir maidir le Cleachtadh

In 2025, d'fhorbair agus d'fhoilsigh Straitéis agus Beartas treoir d'fhostóirí agus do chláraithe maidir leis an gcaoi ar féidir taisc a tharmligean go sábháilte chuig róil chúnta. Bhí rannpháirteachas le páirtithe leasmhara mar bhonn eolais don obair sin agus léiríonn sí an chaoi a seachadtar seirbhísí sa chleachtas. Tacaíonn an treoir le cúram sábháilte agus éifeachtach agus cuireann sí ar chumas gairmithe, an tráth céanna, raon feidhme iomlán a ról a oibriú.



Mo Flynn, Cathaoirleach, An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, Róisín O'Hanlon, Cathaoirleach, Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí CORU, Claire O'Cleary, POF CORU ag seoladh Atreorú ag Fisiteiripeoirí le haghaidh Gnáthaimh Raideolaíocha Míochaine ag an Roinn Sláinte

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tá an Chomhairle freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus straitéis CORU, lena n-áirítear airgeadas agus riosca, cúrsaí foirne, cinntí dlí agus pleanáil straitéiseach.

32 comhalta deonach agus Cathaoirleach atá ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, á gceapadh ag an Aire Sláinte.

Tá ionadaí ar an gComhairle thar ceann gach gairm de na gairmeacha atá luaite san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Tá comhaltaí ann ó réimsí eile chomh maith: earnáil an oideachais, an earnáil dheonach agus ionadaithe thar ceann eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a bhfuil baint acu leis an gcúram sláinte agus sóisialta.

Is 'tromlach tuataí' atá ar an gComhairle (is é sin níos mó comhaltaí ar tuataí iad ná mar atá gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh). Breathnaítear air sin go hidirnáisiúnta mar cheann de na bealaí is fearr chun neamhspleáchas, trédhearcacht, cuntasacht agus muinín an phobail a neartú.

Chomh maith leis an rialachas corparáideach, is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna atá ag an gComhairle:

- Déanann sí maoirseacht agus comhordú ar ghníomhaíochtaí na mBord Clárúcháin
- Déanann sí caighdeáin an chleachtais a fhorfheidhmiú i gcás cláraithe, lena n-áirítear cóid um iompar gairmiúil agus eitic, agus nósanna imeachta um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a bhainistiú
- Déanann sí cinntí agus tugann sí treoracha maidir le smachtbhannaí araíonachta a ghearradh ar chláraithe

Tá seacht gcoiste ann ar an gComhairle (a bunaíodh faoi alt 23 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005) a chuireann saineolas agus comhairle ar fáil don Chomhairle agus don Fheidhmeannas sna réimsí seo a leanas:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Airgeadas, Feidhmíocht agus Acmhainní
- Clárúchán agus Aitheantas
- Oideachas
- Ainmniúcháin
- An Coiste Comhairleach um Chleachtas Gairmiúil
- Achomhairc

Is iad seo na Coistí a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht chun déileáil le Gearáin, Fiosrúcháin agus Araíonacht:

- An Coiste Réamhimeachtaí
- Coistí Fiosrúcháin – An Coiste Sláinte agus An Coiste Iompair

An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais

An ról atá ag an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ná struchtúr neamhspleách measúnaithe a chur ar fáil in CORU chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a thomhas agus a mheas faoi mar a bhaineann le nósanna imeachta um rioscaí, rialachas agus an rialú inmheánach agus le creat tuairiscithe airgeadais na heagraíochta.

An Coiste Airgeadais, Feidhmíochta agus Acmhainní

Is é is ról don Choiste Airgeadais, Feidhmíochta agus Acmhainní struchtúr neamhspleách breithmheasa a chur ar fáil in CORU chun feidhmíocht airgeadais san eagraíocht chomh maith le leithdháileadh acmhainní agus buiséad a thomhas agus a mheasúnú.

An Coiste Clárúcháin agus Aitheantais

Is é an ról atá ag an gCoiste Clárúcháin agus Aitheantais comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta i dtaca le clárúchán agus cáilíochtaí idirnáisiúnta.

An Coiste Oideachais

Is é ról an Choiste Oideachais comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta i dtaca le hoideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

An Coiste Ainmniúcháin

Is é ról an Choiste Ainmniúcháin an próiseas a stiúradh i dtaobh daoine a cheapadh chun an Choiste agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid na Comhairle.

An Coiste Comhairleach um Chleachtas Gairmiúil

Is é an ról atá ag an gCoiste Comhairleach um Chleachtas Gairmiúil cuidiú agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le próisis agus nósanna imeachta a bhaineann leis an bhfeidhm dlí agus feidhmiúlachta chun cleachtadh.

An Coiste Achomharc

An ról atá ag an gCoiste Achomharc athbhreithniú a dhéanamh ar achomhairc iarratasóirí in aghaidh cinntí clárúcháin. Tá sé de cheart ag iarratasóirí achomharc a dhéanamh in aghaidh chinntí na mBord Clárúcháin maidir le cúrsaí aitheantais nó clárúcháin.

An Coiste Réamhimeachtaí

Cuireadh an Coiste Réamhimeachtaí ar bun faoi Chuid 6 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Déanann an Coiste gearáin maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh i dtaca le gairmithe cláraithe sláinte agus cúraim shóisialaigh CORU a mheas.

Coiste Fiosrúcháin (an Coiste um Iompar Gairmiúil agus an Coiste Sláinte)

Má dhéantar cinneadh go dteastaíonn gníomhú breise mar fhreagra ar ghearán ag baint le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh cláraí, féadtar an gearán a chur faoi bhráid Coiste Iompair Ghairmiúil nó Coiste Sláinte ansin, ina gcáil mar Choistí Fiosrúcháin.

Tuarascálacha na mBord Clárúcháin

Réamheolas

Tá a Bord Clárúcháin féin a dhéanann maoirseacht uirthi ag gach gairm atá á rialú ag CORU. Tá ról lárnach ag na Boird sin chun an pobal a chosaint trí na caighdeáin a mbítear ag súil leo ó ghairmithe a leagan síos agus a choinneáil, lena n-áirítear riachtanais maidir le hoideachas, iompar gairmiúil agus inniúlacht leanúnach. Trína gcuid oibre, cinntíonn na Boird nach gceadaítear ach do na daoine sin a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha dul i mbun cleachtaidh.

Faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), tá gach Bord Clárúcháin comhdhéanta de 13 chomhalta. Tacaíonn an tromlach tuataí sin le grinnscrúdú neamhspleách, neartaíonn sé cuntasacht agus trédhearcacht, agus cinntíonn sé go mbíonn tuairimí éagsúla anuas ar shaineolas gairmiúil mar bhonn eolais d'obair na nBord, chun muinín agus iontaoibh an phobail as a gcuid rialachais a threisiú.

Déanann na Boird Chlárúcháin raon feidhmeanna reachtúla. Áirítear leo sin freagracht deiridh as na cláir ghairmeacha a chothabháil, measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí idirnáisiúnta agus aitheantas a thabhairt dóibh, cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus riachtanais don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a leagan síos.

Bunaíonn na Boird Cóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice freisin, agus le cead ón gComhairle, déanann siad fodhlíthe a rialaíonn gnéithe den chlárúchán agus de na caighdeáin ghairmiúla.

Bhí 12 Bhord Clárúcháin ann ag deireadh 2025. I gcás 10 gcinn díobh, bhí 12 chlár oscailte acu a rialaigh 12 ghairm, agus 36,645 gairmí san iomlán cláraithe le CORU.

Tá tiomantas as cuimse na gcomhaltaí mar bhonn agus taca le hobair na mBord Clárúcháin, daoine a thugann a gcuid ama, scileanna agus saineolais go fial flaithiúil ar bhonn deonach. Bíonn raon leathan dearcthaí gairmiúla agus dearcthaí ar mhaithe le leas an phobail ag comhaltaí boird, agus tá a ndúthracht ríthábhachtach d'éifeachtacht fheidhmeanna rialála CORU. Trí chúrsaí casta rialála a bhreithniú go cúramach agus cinnteoireacht a dhéanamh ar bhonn eolasach, rannchuidíonn siad go mór le cosaint an phobail agus le muinín an phobail as na gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh a chothú.

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí, garspriocanna agus éachtaí gach Boird Chlárúcháin le linn 2025.



1 Tuarascáil Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach

An líon daoine ar an gClár

1,796

+12.3%
de mhéadú ó bhí 2024 ann


210
Cláraí nua

88
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

25
Beart Cúitimh a Sannadh

7
nDuine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

9
An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana



Ceapacháin chuig Boird

Ceapacháin

- Barbara Shinners an 14 Feabhra 2025 (ag gabháil don bhainistiú)
- Tim Hinchey an 14 Feabhra 2025 (bainistiú sláinte/cúraim shóisialaigh dheonaigh/phríobháidigh)
- David Johnston an 14 Feabhra 2025 (ag gabháil don chleachtadh)
- Fatima Iftikhar an 26 Bealtaine 2025 (ag gabháil don chleachtadh)
- Justin Kerr an 2 Meitheamh 2025 (ag gabháil don oideachas)

Athcheapacháin

- Kathleen Walsh an 14 Feabhra 2025 (leas an phobail)
- Caitriona Fisher an 21 Meitheamh 2025 (leas an phobail)

Cathaoirleach Tofa

Toghadh Cara Cunningham mar Chathaoirleach an Bhoird Chlárúcháin an 14 Feabhra 2025 tar éis deireadh a theacht le téarma oifige an iar-Chathaoirligh, Fiona Dunlevy, an 13 Feabhra 2025.

Téarmaí thart

- Mary Ann Therese Flynn an 13 Feabhra 2025 (ag gabháil don chleachtadh)
- Fiona Dunlevy an 13 Feabhra 2025 (ag gabháil don bhainistiú)
- Jan Guerin an 1 Meitheamh 2025 (ag gabháil don oideachas)

Éirithe as

- David Johnston an 22 Bealtaine 2025 (ag gabháil don chleachtadh)

Tá an Bord buíoch de na comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarmaí in oifig in 2025.

Ag deireadh 2025, ní raibh folúntas ar bith ar Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach.

Clárú

Bhí 1,796 Diaitéiteach cláraithe le Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach an 31 Nollaig 2025. I gcaitheamh na bliana, thug an Bord arís faoin obair chun iarratais a mheas, lena chinntiú go ndéanfadh gach iarratasóir na caighdeáin riachtanacha a shásamh, cáilíocht cheadaithe san áireamh, go mbeadh cáilíocht idirnáisiúnta acu agus an cháilíocht sin á measúnú ar chaighdeán sásúil chun an ghairm a chleachtadh in Éirinn, go léireofaí leibhéal sásúil inniúlachta teanga agus go measfaí iad a bheith oiriúnach leis an ngairm a chleachtadh.

In 2025, lean CORU air ag cur leis na socruithe tarmligin a tugadh isteach in 2024. Leanadh de chinntí ar leibhéal íseal riosca, lena n-áirítear cúrsaí áirithe maidir le haitheantas agus clárúchán, a tharmligean chuig an gCláraitheoir, ionas go bhféadfaí iarratais a phróiseáil níos tapúla agus maoirseacht chuí á déanamh orthu ag an mBord Clárúcháin ag an am céanna. In éineacht le feabhsuithe ar phróisis aitheantais agus oiliúint níos fearr do Bhoird agus do mheasúnóirí, chabhraigh na bearta sin le cinnteoireacht níos tráthúla ar fud an chórais chlárúcháin.

Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach: Freastal na gComhaltaí, 2025:

Ainm	Dáta an Chéad Cheapacháin	Dáta éaga	Líon cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu (8 sceidealaithe, 1 neamhsceidealaithe)	Nótaí
Cara Cunningham	01/06/2023	29/05/2027	8/9	Cathaoirleach
Sorcha McNamara	24/09/2024	13/02/2028	4/9	
Fatima Iftikhar	26/05/2025	13/02/2029	4/5	
Sandra Brady	10/04/2024	13/02/2028	6/9	
Barbara Shinners	14/02/2025	13/02/2029	6/8	
Annemarie Bennett	20/02/2020	13/02/2028	8/9	Athcheaptha 26/06/2024
Eamonn Dunne	05/05/2020	13/02/2028	0/9	Athcheaptha 14/02/2024
Tim Hinchey	14/02/2025	13/02/2029	5/8	
Justin Kerr	02/06/2025	13/02/2029	3/5	
Susan Temple	28/03/2023	13/02/2028	6/9	Athcheaptha 14/02/2024
Ann Sheehan	14/02/2024	13/02/2028	2/9	
Kathleen Walsh	14/02/2021	13/02/2029	6/9	Athcheaptha 14/02/2025
Caitriona Fisher	19/07/2023	20/06/2029	6/9	Athcheaptha 21/06/2025
Mary Ann Therese Flynn	14/02/2017	13/02/2025	1/1	Athcheaptha 14/02/2021
Téarma thart	20/02/2020	13/02/2024	0	Téarma thart
Fiona Dunlevy	14/02/2021	13/02/2025	1/1	Téarma thart
David Johnston	14/02/2025	13/02/2029	0/2	Éirithe as 22/05/2025
Jan Guerin	24/06/2021	01/06/2025	3/4	Téarma thart

Tabhair do d'aire: Tá éagsúlacht i gceist leis an líon iomlán cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu de réir dátaí ceapacháin, ionduchtú, athcheapachán agus cur i gcrích téarmaí oifige, agus d'fhéadfadh dualgais bhreise a bheith ag comhaltaí do CORU a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhreastal, nó d'fhéadfadh tinneas cosc a chur ar fhreastal.



2

Tuarascáil Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine

An líon daoine ar an gClár

3,508

+7%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

309
Cláraí nua

159
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

128
Beart Cúitimh a Sannadh

1
Fhodhlí Déanta

61
An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana

41
Duine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

Ceapacháin chuig Boird

Ceapacháin

- Helen Hanlon an 25 Meitheamh 2025 (leas an phobail)
- Nick Flynn an 21 Deireadh Fómhair 2025 (bainistiú na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh)
- Peter Coss an 17 Nollaig 2025 (leas an phobail)
- Rosetta Herr an 17 Nollaig 2025 (bainistiú sláinte/cúraim shóisialaigh dheonaigh/phríobháidigh)

Cathaoirleach Tofa

Atoghadh Colm O'Leary mar Chathaoirleach an Bhoird Chlárúcháin don dara téarma an 13 Feabhra 2025. Toghadh Helen Hanlon mar Chathaoirleach an Bhoird Chlárúcháin an 20 Samhain 2025 tar éis don iar-Chathaoirleach éirí as an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Éirithe as

- Karen Watret an 3 Meitheamh 2025 (leas an phobail)
- Pawel Stepala an 24 Meitheamh 2025 (bainistiú na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh)
- Gerada Warnes an 20 Samhain 2025 (bainistiú sláinte/cúraim shóisialaigh dheonaigh/phríobháidigh)
- Colm O'Leary an 23 Deireadh Fómhair 2025 (leas an phobail)
- Anne Lardener an 20 Samhain 2025 (ag gabháil don bhainistiú)

Tá an Bord buíoch de na comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarmaí in oifig in 2025.

Bhí aon fholúntas amháin ar Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine ag deireadh 2025.

Clárú

Bhí 3,508 Eolaí Míochaine cláraithe le Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine an 31 Nollaig 2025. I gcaitheamh na bliana, bhí an Bord ag gníomhú ar aghaidh leis an obair chun iarratais nua a mheas, féachaint le go gcomhlíonfadh na hiarratasóirí ar fad na caighdeáin riachtanacha, cuir i gcás cáilíocht cheadaithe, cumas sásúil teanga agus feidhmiúlacht chun cleachtadh.

Tá cinntí áirithe fágtha faoi chúram an Chláraitheora ag Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine, mar shampla cásanna ar leibhéal íseal riosca, cuir i gcás dearbhuithe i dtaobh fadhbanna beaga sláinte. Tar éis na cásanna sin den tarmligean a thabhairt isteach in 2024, leanadh ar aghaidh á gcur i bhfeidhm agus á méadú in 2025, rud a chuir le cinnteoireacht níos éifeachtúla agus níos mó úsáide á baint as údarás tarmligthe i gcásanna cuí.

Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil

In 2025, rinneadh an Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil (AoPC) ar Eolaithe Míochaine, chun tacú le hiarratasóirí nach raibh cáilíochtaí acu a bhí i gcomhréir leis na Caighdeáin Inniúlachta a chur ar aghaidh ón idirthréimhse.

Reáchtáladh dhá scrúdú AoPC le linn na bliana, i mí an Mhárta agus i mí na Samhna, agus ghlac líon iomlán de naoi n-iarrthóir páirt iontu, idir an dá scrúdú. Astu sin, d'éirigh le hochtar iarrthóirí, agus níor bhain duine amháin an caighdeán riachtanach amach. Chabhraigh an ghníomhaíocht sin, mar aon le hachomhairc agus measúnuithe leantacha, le laghdú leanúnach a chur ar iarratais oscailte agus dul ar aghaidh chuig clárúchán.

Fodhlíthe

An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine, 2025 (I.R. Uimh. 348 de 2025).

Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine: Freastal na gComhaltaí, 2025:

Ainm	Dáta an Chéad Cheapacháin	Dáta éaga	Líon cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu (12 sceidealaithe, 1 neamhsceidealaithe)	Nótaí
Helen Hanlon	25/06/2025	08/11/2026	6/6	An Cathaoirleach
John Crumlish	09/11/2024	08/11/2028	12/13	
Rumbidzai Mubeda	09/11/2024	08/11/2028	10/13	
Anne Clooney	31/01/2023	30/01/2027	11/13	
Martina Ring	31/01/2023	30/01/2027	12/13	
Mary McGrath	31/01/2023	30/01/2027	10/13	
Nick Flynn	21/10/2025	08/11/2028	1/3	
Rosetta Herr	17/12/2025	08/11/2028	0/0	
Michael Walsh	09/11/2024	08/11/2028	7/13	
Peter Coss	17/12/2025	08/11/2028	0/0	
Eamonn Grennan	09/11/2019	08/11/2026	12/13	Athcheaptha 09/11/2022
Amit Bhagwat	26/08/2024	08/11/2026	11/13	
Colm O'Leary	18/11/2020	08/11/2028	9/11	Éirithe as 23/10/2025
Karen Watret	24/06/2021	08/11/2026	2/6	Éirithe as 03/06/2025
Pawel Stepala	17/12/2024	08/11/2028	0/7	Éirithe as 24/06/2025
Gerada Warnes	17/12/2024	08/11/2028	3/12	Éirithe as 20/11/2025
Anne Lardner	09/11/2024	08/11/2028	9/12	Éirithe as 20/11/2025

Tabhair do d'aire: Tá éagsúlacht i gceist leis an líon iomlán cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu de réir dátaí ceapacháin, ionduchtú, athcheapachán agus cur i gcrích téarmaí oifige, agus d'fhéadfadh dualgais bhreise a bheith ag comhaltaí do CORU a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhreastal, nó d'fhéadfadh tinneas cosc a chur ar fhreastal.



3

Tuarascáil Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair

An líon daoine ar an gClár

4,132

+8.25%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

348
Cláraí nua

188
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

3
Bheart Cúitimh a Sannadh

2
Chlár Oideachais a ndearnadh monatóireacht orthu

20
An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana

25
Duine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

Ceapacháin chuig Boird

Ceapacháin

- Shane Knox an 14 Feabhra 2025 (bainistiú na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh)
- Michele Kerrigan an 14 Feabhra 2025 (bainistiú sláinte/cúraim shóisialaigh dheonaigh/phríobháidigh)
- Bernadette Moran an 12 Feabhra 2025 (leas an phobail)
- Lisa McKeon an 25 Iúil 2025 tar éis an chéad toghcháin ar líne don Bhord Clárúcháin (ag gabháil don chleachtadh)
- Carol O'Donnell an 25 Iúil 2025 (ag gabháil don bhainistiú)
- Tadhg Stapleton an 25 Iúil 2025 (ag gabháil don oideachas)

Athcheapacháin

- John Hanily an 14 Feabhra 2025 (leas an phobail)
- Amit Bhagwat an 14 Feabhra 2025 (leas an phobail)

Téarmaí thart

- Kathryn Holly an 13 Feabhra 2025 (bainistiú sláinte/cúraim shóisialaigh dheonaigh/phríobháidigh)
- Caitriona Sweeny an 30 Meitheamh 2025 (ag gabháil don chleachtadh)
- Hassan Dugow an 30 Meitheamh 2025 (ag gabháil don bhainistiú)
- Katie Robinson an 20 Iúil 2025 (ag gabháil don oideachas)

Tá an Bord buíoch de na comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarmaí in oifig in 2025.

Clárú

Bhí 4,132 Teiripeoir Saothair cláraithe le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair an 31 Nollaig 2025. I gcaitheamh na bliana, bhí an Bord ag gníomhú ar aghaidh leis an obair chun iarratais nua a mheas, féachaint le go gcomhlíonfadh na hiarratasóirí ar fad na caighdeáin riachtanacha, cuir i gcás cáilíocht cheadaithe, cumas sásúil teanga agus feidhmiúlacht chun cleachtadh.

In 2025, lean Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair ar aghaidh ag cur i bhfeidhm agus ag leathnú raon feidhme na gcinntí a fhágtar faoi chúram an Chláraitheora, go háirithe cásanna a mbaineann leibhéal íseal riosca leo cuir i gcás dearbhuithe sláinte maidir le fadhbanna beaga sláinte agus cáilíochtaí idirnáisiúnta má mheastar gur cáilíochtaí iad a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha don chleachtas in Éirinn. Thacaigh sé seo le feabhsuithe breise sa phróiseas clárúcháin ó thaobh éifeachtúlachta agus tráthúlachta de. An Cláraitheoir a rinne formhór na gcinntí (328 as 354), in 2025.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Rinne an Bord iniúchadh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do chláraithe ag tosú i mí Aibreáin 2025, agus rinne sé iniúchadh ar 101 cláraí.

Miondealú ar Iniúchadh FGL ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair 2025

Roghnú le dul faoi Iniúchadh	
Cláraithe a roghnaíodh go randamach	83
Cláraithe a roghnaíodh go huathoibríoch[1]	18
Líon iomlán ar glaodh orthu	**101**

Iarchur	
Líon iomlán iarratas ar iarchur a fuarthas	25
Iarchur ceadaithe	23
Iarchur diúltaithe	2

Baint Eile	
Baint den chlár[2]	3
Daoine a measadh nach raibh incháilithe le dul faoi iniúchadh	1

Torthaí Iniúchtaí	
Taifid chomhlíontacha	73
Taifid neamhchomhlíontacha	1

1 **Roghnú uathoibríoch** – I gcomhréir le Beartas CORU maidir le hIniúchadh ar FGL, roghnaítear go huathoibríoch don chéad iniúchadh eile ar a ghairm aon chláraí a gceadaítear a iarratas ar iarchur maidir le hiniúchadh; cuirtear cláraithe a mheastar a bheith neamhchomhlíontach, nó ar tugadh toradh neamhrannpháirtíochta dóibh, san áireamh go huathoibríoch freisin sa chéad iniúchadh eile ar a ngairm

2 **Baint den chlár** – Is cláraithe iad seo a nglaoitear orthu le dul faoi iniúchadh agus a bhaineann iad féin den chlár go deonach, nó a bhaintear den chlár toisc nár íoc siad táillí tar éis dháta athnuachana a gclárúcháin

Féach Beartas CORU maidir le hIniúchadh ar FGL atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CORU chun míniú a fháil ar thorthaí iniúchtaí.

Ceadú Clár agus Monatóireacht Orthu

Tá an Bord Clárúcháin freagrach as cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus a mhonatóiriú ionas go ndéanfaidh siad na caighdeáin riachtanacha le dul ar an gclár a chomhlíonadh, cláir faoina n-ullmhófar gairmithe a gcuid oibre a chleachtadh go sábháilte agus go cumasach.

In 2025, cheadaigh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair na cláir oideachais agus oiliúna seo a leanas mar chláir atá oiriúnach agus ar féidir leanúint ar aghaidh leo:

- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Teiripe Shaothair, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (4 Márta 2025)
- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Teiripe Shaothair, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (1 Aibreán 2025)

Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair: Freastal na gComhaltaí, 2025:

Ainm	Dáta an Chéad Cheapacháin	Dáta éaga	Líon cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu (6 sceidealaithe)	Nótaí
John Hanily	14/02/2021	13/02/2029	6/6	An Cathaoirleach
Jennifer Trzeciak	10/04/2024	13/02/2028	4/6	
Fiona Armstrong	24/09/2024	13/02/2028	2/6	
Michelle Darcy	01/06/2023	29/05/2027	4/6	
Katie Robinson	27/08/2021	20/07/2025	1/3	Téarma thart
Michael Bergin	27/08/2021	13/02/2027	5/6	Athcheaptha 14/02/2023
Bernadette Moran	14/02/2025	13/02/2028	4/6	
Amit Bhagwat	21/11/2023	13/02/2029	5/6	Athcheaptha 14/02/2025
Catriona Sweeney	02/07/2021	30/06/2025	0/2	Téarma thart
Hassan Dugow	20/07/2021	30/06/2025	0/2	Téarma thart
Shane Knox	14/02/2025	13/02/2029	3/6	
Michelle Kerrigan	14/02/2025	13/02/2029	1/6	
Frank Martin	20/02/2024	13/02/2028	0/6	
Tadhg Stapleton	25/07/2025	20/07/2029	2/3	
Carol O'Donnell	25/07/2025	20/07/2029	3/3	
Lisa McKeon	25/07/2025	20/07/2029	3/3	
Kathryn Holly	19/07/2023	13/02/2025	0/0	Téarma thart

Tabhair do d'aire: Tá éagsúlacht i gceist leis an líon iomlán cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu de réir dátaí ceapacháin, ionduchtú, athcheapachán agus cur i gcrích téarmaí oifige, agus d'fhéadfadh dualgais bhreise a bheith ag comhaltaí do CORU a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhreastal, nó d'fhéadfadh tinneas cosc a chur ar fhreastal.



4

Tuarascáil an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta

An líon ar an gClár:
Optaiméadraithe
1,116

+6.4%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

89
Cláraí nua

59
Beart Cúitimh a Sannadh

11
An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana

68
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

10
nDuine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

1
Fhodhlí Déanta

An líon ar an gClár:
Radharceolaí Dáiliúcháin
228

+3.2%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

15
Chláraí nua

4
Bheart Cúitimh a Sannadh

4
An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana

14
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

4
Dhuine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

1
Fhodhlí Déanta

Ceapacháin chuig Boird

Ceapacháin

- Jason O'Regan an 6 Márta 2025 (bainistiú sláinte/cúraim shóisialaigh dheonaigh/ phríobháidigh)
- Donal Keane an 6 Márta 2025 (leas an phobail)
- Geraldine Donaghy an 21 Meitheamh 2025 (leas an phobail)
- Rena Catherine Elliott an 25 Iúil 2025 tar éis an chéad toghcháin ar líne don Bhord Clárúcháin (ag gabháil do chleachtadh na hoptaiméadrachta)
- Hannah Fitzpatrick an 25 Iúil 2025 tar éis an chéad toghcháin ar líne don Bhord Clárúcháin (ag gabháil do bhainistiú na hoptaiméadrachta)
- Mary Conlon an 20 Lúnasa 2025 (leas an phobail)
- Josephine Henry an 21 Deireadh Fómhair 2025 (leas an phobail)

Athcheapacháin

- Linda Fitzharris an 8 Márta 2025 (bainistiú na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh)
- Gordan Chambers an 20 Lúnasa 2025 (ag gabháil don oideachas)

Cathaoirleach Tofa

Atoghadh Derville Pitcher mar Chathaoirleach an Bhoird Chlárúcháin go dtí gur tháinig deireadh lena téarma an 20 Iúil 2025. Toghadh Johnpaul Odigbo mar Chathaoirleach an Bhoird Chlárúcháin an 21 Iúil 2025.

Téarmaí Thart

- Paul Arthur Hersee an 10 Feabhra 2025 (ag gabháil don chleachtadh)
- Colin Reid an 20 Meitheamh 2025 (leas an phobail)
- Derville Pitcher an 20 Iúil 2025 (ag gabháil don bhainistiú)
- Michael Moore an 20 Iúil 2025 (ag gabháil don chleachtadh)
- Ursula Byrne an 19 Lúnasa 2025 (leas an phobail)

Éirithe as

- Daryl Mahon an 5 Feabhra 2025 (bainistiú sláinte/cúraim shóisialaigh dheonaigh/ phríobháidigh)
- Maria Barry an 5 Feabhra 2025 (leas an phobail)
- Geraldine Donaghy an 29 Lúnasa 2025 (leas an phobail)

Tá an Bord buíoch den Chathaoirleach roimhe seo agus de na comhaltaí siúd ar tháinig deireadh lena dtéarmaí in oifig in 2025.

Ag deireadh 2025 bhí folúntas amháin ar an mBord Clárúcháin Súil-Liachta d'ionadaí a bhí ag cleachtadh mar radharceolaí dáiliúcháin.

Clárú

Bhí 1,344 cláraí súil-liachta ar an mBord Clárúcháin Súil-Liachta an 31 Nollaig 2025. I gcaitheamh na bliana, bhí an Bord ag gníomhú ar aghaidh leis an obair chun iarratais nua a mheas, féachaint le go gcomhlíonfadh na hiarratasóirí ar fad na caighdeáin riachtanacha, cuir i gcás cáilíocht cheadaithe, cumas sásúil teanga agus feidhmiúlacht chun cleachtadh.

In 2025, lean an Bord Clárúcháin Súil-Liachta ar aghaidh ag cur i bhfeidhm agus ag leathnú raon feidhme na gcinntí a fhágtar faoi chúram an Chláraitheora, go háirithe cásanna a mbaineann leibhéal íseal riosca leo cuir i gcás dearbhuithe sláinte maidir le fadhbanna beaga sláinte agus cáilíochtaí idirnáisiúnta má mheastar gur cáilíochtaí iad a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha don chleachtas in Éirinn. Thacaigh sé seo le feabhsuithe breise sa phróiseas clárúcháin ó thaobh éifeachtúlachta agus tráthúlachta de.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Rinne an Bord iniúchadh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do chláraithe ag tosú i mí Aibreáin 2025, agus rinneadh iniúchadh ar 32 cláraí.

Fodhlíthe

An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar an mBord Clárúcháin Súil-Liachta, 2025 (I.R. Uimh. 18 de 2025).

Miondealú ar Iniúchadh FGL ar an mBord Clárúcháin Súil-Liachta 2025

Roghnú le dul faoi Iniúchadh	
Cláraithe a roghnaíodh go randamach	30
Cláraithe a roghnaíodh go huathoibríoch[1]	2
Líon iomlán ar glaodh orthu	**32**

Iarchur	
Líon iomlán iarratas ar iarchur a fuarthas	6
Iarchur ceadaithe	6
Iarchur diúltaithe	0

Baint Eile	
Baint den chlár[2]	1
Daoine a measadh nach raibh incháilithe le dul faoi iniúchadh	0

Torthaí Iniúchtaí	
Taifid chomhlíontacha	25
Taifid neamhchomhlíontacha	0

1 **Roghnú uathoibríoch** – I gcomhréir le Beartas CORU maidir le hIniúchadh ar FGL, aon chláraí a cheadaítear a n-iarratas ar iarchur maidir le hiniúchadh, roghnaítear iad go huathoibríoch don chéad iniúchadh eile ar a ngairm. Daoine a meastar a bheith neamhchomhlíontach nó a fhaigheann mar thoradh nach ndearna siad teagmháil, cuirtear san áireamh iad go huathoibríoch sa chéad iniúchadh eile ar a ngairm

2 **Baint den chlár** – Is cláraithe iad seo a nglaoitear orthu le dul faoi iniúchadh agus a bhaineann iad féin den chlár go deonach, nó cláraithe a bhaintear iad mar gheall nár íoc siad táillí tar éis dháta athnuachana a gclárúcháin

Féach Beartas CORU maidir le hIniúchadh ar FGL atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CORU chun míniú a fháil ar thorthaí iniúchtaí.

An Bord Clárúcháin Súil-Liachta: Freastal na gComhaltaí, 2025

Ainm	Dáta an Chéad Cheapacháin	Dáta éaga	Líon cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu (6 sceidealaithe)	Nótaí
John Paul Odigbo	16/02/2023	10/02/2027	6/6	An Cathaoirleach
Jillian Flaherty	16/02/2023	10/02/2027	5/6	
Rena Catherine Elliott	25/07/2025	20/07/2029	2/3	
Declan John Hovenden	23/03/2019	10/02/2027	5/6	Athcheaptha 06/03/2023
Josephine Henry	21/10/2025	07/03/2029	0/2	
Linda Fitzharris	12/07/2023	07/03/2029	3/6	Athcheaptha 08/03/2025
Donal Keane	06/03/2025	10/02/2027	4/6	
Mary Conlon	20/08/2025	07/03/2029	3/3	
Gordon Chambers	20/08/2021	07/03/2029	3/6	Athcheaptha 20/08/2025
Hannah Fitzpatrick	25/07/2025	20/07/2029	2/3	
James Buckley	12/07/2023	10/02/2027	0/6	
Jason O'Regan	06/03/2025	10/02/2027	4/6	
Ursula Byrne	20/08/2021	19/08/2025	2/3	Téarma thart
Derville Pitcher	11/02/2018	20/07/2025	3/3	Athcheaptha 27/08/2021 Téarma thart
Michael Moore	27/08/2021	20/07/2025	0/1	Téarma thart
Geraldine Donaghy	21/06/2025	07/03/2029	0/1	Éirithe as 29/08/2025
Colin Reid	12/07/2013	20/06/2025	3/3	Téarma thart
Maria Barry	12/07/2023	10/02/2027	0/1	Éirithe as 05/02/2025
Daryl Mahon	12/07/2023	10/02/2027	0/1	Éirithe as 05/02/2025
Paul Hersee	11/02/2018	10/02/2025	1/1	Athcheaptha 11/02/2021 Téarma thart

Tabhair do d'aire: Tá éagsúlacht i gceist leis an líon iomlán cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu de réir dátaí ceapacháin, ionduchtú, athcheapachán agus cur i gcrích téarmaí oifige, agus d'fhéadfadh dualgais bhreise a bheith ag comhaltaí do CORU a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhreastal, nó d'fhéadfadh tinneas cosc a chur ar fhreastal.



5

Tuarascáil Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

An líon daoine ar an gClár

7,455

+16.7%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

1,210
Cláraí nua

822
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

147
Beart Cúitimh a Sannadh

4 **Fhodhlí Déanta**

16
Chláraí Nua sa Rannán Fisiteiripeoirí a Dhéanann Atreorú

91
An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana

71
Duine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

Ceapacháin chuig Boird

Ceapacháin

- Adam McDermott an 25 Iúil 2025 tar éis an chéad toghcháin ar líne don Bhord Clárúcháin (ag gabháil don chleachtadh)

Athcheapacháin

- Róna McLaughlin an 25 Iúil 2025 (ag gabháil don bhainistiú)

Téarmaí Thart

- Corinne Evans an 20 Iúil 2025 (ag gabháil don chleachtadh)

Tá an Bord buíoch de na comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarmaí in oifig in 2025.

Ag deireadh 2025, ní raibh aon fholúntas ar Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí.

Clárú

Bhí 7,455 Fisiteiripeoir cláraithe le Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí an 31 Nollaig 2025. I gcaitheamh na bliana, bhí an Bord ag gníomhú ar aghaidh leis an obair chun líon i bhfad níos mó iarratas a mheas, féachaint le go gcomhlíonfadh na hiarratasóirí ar fad na caighdeáin riachtanacha, cuir i gcás cáilíocht cheadaithe, cumas sásúil teanga agus feidhmiúlacht chun cleachtadh.

In 2025, lean Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí de raon feidhme na gcinntí arna dtarmligean chuig an gCláraitheoir a mhéadú, chun tacú le próiseáil níos éifeachtúla agus ionas go bhféadfaí líon méadaithe iarratas a bhainistiú.

Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil

In 2025, rinneadh an Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil (AoPC) ar theiripeoirí fisiciúla, chun tacú le hiarratasóirí nach raibh cáilíochtaí acu a bhí i gcomhréir leis na Caighdeáin Inniúlachta a chur ar aghaidh ón idirthréimhse.

Reáchtáladh scrúduithe AoPC le linn na bliana, lena n-áirítear an chéad cheann i mí Aibreáin agus athmheasúnuithe i mí Dheireadh Fómhair, agus seisear iarrthóirí rannpháirteach sa phróiseas AoPC. D'éirigh le beirt iarrthóirí ina measúnuithe agus cuireadh iad leis an gClár. Thacaigh an ghníomhaíocht sin le hiarratasóirí a chur ar aghaidh i dtreo cláraithe agus lena chinntiú gur comhlíonadh na Caighdeáin Inniúlachta.

Atreorú le haghaidh Gnáthaimh Raideolaíocha ag Fisiteiripeoirí

In 2025, chuir an Bord an próiseas rialála i gcrích chun cleachtas feabhsaithe a thabhairt isteach, rud a chuireann ar chumas fisiteiripeoirí cuícháilithe othair a atreorú le haghaidh gnáthaimh raideolaíocha dhiagnóiseacha a bhfuil radaíocht ianúcháin i gceist leo, agus chuaigh an Rannán Fisiteiripeoirí a Dhéanann Atreorú i bhfeidhm.

Cheadaigh an Bord na caighdeáin inniúlachta agus na riachtanais oideachais agus oiliúna don ról seo, mar aon leis na measúnuithe riachtanacha ar thionchar rialála agus ar chomhréireacht, agus bhunaigh sé an creat rialála don rannán dá bharr sin. Bhí 16 chláraí sa Rannán Fisiteiripeoirí a Dhéanann Atreorú ag deireadh 2025.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Rinne an Bord iniúchadh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do chláraithe a chuimsigh an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, agus rinne sé iniúchadh ar 162 cláraí.

Fodhlíthe

In 2025, rinne Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí breis forbartha ar an gcreat rialála chun cleachtas feabhsaithe agus ardchleachtas a éascú, lena n-áirítear rannán nua a bhunú chun tacú le fisiteiripeoirí a atreoraíonn daoine le haghaidh gnáthaimh raideolaíocha dhiagnóiseacha.

Tacaíodh leis sin trí dhá fhodhlí a dhéanamh:

- An Fodhlí de chuid Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí um Iarratas ar Chlárú (I.R. Uimh. 2 de 2025)
- An Fodhlí de chuid Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí um Choinníollacha maidir le Clárú sa Rannán um Atreorú le haghaidh Gnáthaimh Dhiagnóiseacha Raideolaíocha, 2025 (I.R. Uimh. 3 de 2025)

Ina theannta sin, rinne an Bord an Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, 2025 (I.R. Uimh. 26 de 2025) agus an Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe, 2025 (I.R. Uimh. 162 de 2025), lenar ainmníodh an MSc san Fhisiteiripe (Réamhchlárúcháin), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh mar cháilíocht cheadaithe don iontráil ar an gclár.

Miondealú ar Iniúchadh FGL ar Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí 2025

Roghnú le dul faoi Iniúchadh	
Cláraithe a roghnaíodh go randamach	141
Cláraithe a roghnaíodh go huathoibríoch[1]	21
Líon iomlán ar glaodh orthu	**162**

Iarchur	
Líon iomlán iarratas ar iarchur a fuarthas	28
Iarchur ceadaithe	27
Iarchur diúltaithe	1

Baint Eile	
Baint den chlár[2]	6
Daoine a measadh nach raibh incháilithe le dul faoi iniúchadh	1

Torthaí Iniúchtaí	
Taifid chomhlíontacha	126
Taifid neamhchomhlíontacha	2

1 **Roghnú uathoibríoch** – I gcomhréir le Beartas CORU maidir le hIniúchadh ar FGL, aon chláraí a cheadaítear a n-iarratas ar iarchur maidir le hiniúchadh, roghnaítear iad go huathoibríoch don chéad iniúchadh eile ar a ngairm. Daoine a meastar a bheith neamhchomhlíontach nó a fhaigheann mar thoradh nach ndearna siad teagmháil, cuirtear san áireamh iad go huathoibríoch sa chéad iniúchadh eile ar a ngairm

2 **Baint den chlár** – Is cláraithe iad seo a nglaoitear orthu le dul faoi iniúchadh agus a bhaineann iad féin den chlár go deonach, nó cláraithe a bhaintear iad mar gheall nár íoc siad táillí tar éis dháta athnuachana a gclárúcháin

Féach Beartas CORU maidir le hIniúchadh ar FGL atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CORU chun míniú a fháil ar thorthaí iniúchtaí.

Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí: Freastal na gComhaltaí, 2025

Ainm	Dáta an Chéad Cheapacháin	Dáta éaga	Líon cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu (9 sceidealaithe, 1 neamhsceidealaithe)	Nótaí
Róisín O'Hanlon	31/08/2022	04/08/2026	10/10	An Cathaoirleach
Corinne Evans	27/08/2021	20/07/2025	4/6	Téarma thart
Eamonn Grennan	02/10/2018	19/05/2026	9/10	Athcheaptha 20/05/2022
Róna McLaughlin	27/08/2021	20/07/2029	5/10	Athcheaptha 25/07/2025
Joanne Dowds	31/08/2022	04/08/2026	9/10	
John Biggins	19/01/2021	19/05/2028	8/10	Athcheaptha 20/05/2024
John Gormley	24/09/2024	23/09/2028	7/10	
May Cleary	14/01/2021	19/05/2028	9/10	Athcheaptha 20/05/2024
Miriam O'Callaghan	20/05/2018	19/05/2026	9/10	Athcheaptha 20/05/2022
Sheelagh MacNeill	31/08/2022	04/08/2026	8/10	
Grace Kivlehan	19/07/2023	19/05/2026	3/10	
Denis Joyce	05/12/2022	25/11/2026	5/10	
Hugh Farrell	05/12/2022	19/05/2028	7/10	Athcheaptha 20/05/2024
Adam McDermott	25/07/2025	20/07/2029	2/4	

Tabhair do d'aire: Tá éagsúlacht i gceist leis an líon iomlán cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu de réir dátaí ceapacháin, ionduchtú, athcheapachán agus cur i gcrích téarmaí oifige, agus d'fhéadfadh dualgais bhreise a bheith ag comhaltaí do CORU a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhreastal, nó d'fhéadfadh tinneas cosc a chur ar fhreastal.



6

Tuarascáil Bhord Clárúcháin na gCoslianna

An líon daoine ar an gClár

597

+23.9%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

119
Cláraí nua

21
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

0
Beart Cúitimh a Sannadh

5 **a d'fhág an Clár ar bhonn deonach**

1 **An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana**

2 **Chlár oideachais a ceadaíodh/a ndearnadh monatóireacht orthu**



Ceapacháin chuig Boird

Ceapacháin

- Norma Judge an 9 Aibreán 2025 (leas an phobail)
- Suzanne McCarthy an 17 Nollaig 2025 (ag gabháil don oideachas)

Cathaoirleach Tofa

Atoghadh Angela McAnearney don dara téarma mar Chathaoirleach an Bhoird Chlárúcháin an 7 Bealtaine 2025. Toghadh Norma Judge mar Chathaoirleach an Bhoird Chlárúcháin an 17 Meán Fómhair 2025 tar éis don iar-Chathaoirleach éirí as an 17 Meán Fómhair 2025.

Éirithe as

- Ashlene Reyburn an 19 Márta 2025 (leas an phobail)
- Angela McAnearney an 17 Meán Fómhair 2025 (ag gabháil don chleachtadh)
- Georgina Gethin an 17 Meán Fómhair 2025 (ag gabháil don oideachas)

Tá an Bord buíoch den Chathaoirleach roimhe seo agus de na comhaltaí siúd ar tháinig deireadh lena dtéarmaí in oifig in 2025.

Ag deireadh 2025, bhí folúntas amháin ar Bhord Clárúcháin na gCoslianna d'ionadaí a bhí ag gabháil do chleachtadh na gairme.

Clárú

Bhí 597 Coslia cláraithe le Bord Clárúcháin na gCoslianna an 31 Nollaig 2025. I gcaitheamh na bliana, bhí an Bord ag gníomhú ar aghaidh leis an obair chun iarratais nua a mheas, féachaint le go gcomhlíonfadh na hiarratasóirí ar fad na caighdeáin riachtanacha, cuir i gcás cáilíocht cheadaithe, cumas sásúil teanga agus feidhmiúlacht chun cleachtadh.

In 2025, lean Bord Clárúcháin na gCoslianna ar aghaidh ag cur i bhfeidhm agus ag leathnú raon feidhme na gcinntí a fhágtar faoi chúram an Chláraitheora, chun tacú le próiseáil níos éifeachtúla. Rinneadh 142 cinneadh ar an iomlán le linn na bliana. Rinne an Cláraitheoir 108 (76%) díobh agus rinne an Bord Clárúcháin 34 (24%) díobh. Tháinig méadú go 64 ar an líon iarratas a fuarthas.

Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil

In 2025, rinneadh an Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil (AoPC) ar choslianna, chun tacú le hiarratasóirí nach raibh cáilíochtaí acu a bhí i gcomhréir leis na Caighdeáin Inniúlachta a chur ar aghaidh ón idirthréimhse.

Reáchtáladh measúnuithe AoPC le linn na bliana, lena n-áirítear i lár na bliana agus i mí na Samhna, agus ainmníodh 53 iarrthóir chun tabhairt faoin AoPC i rith an phróisis. Chabhraigh an ghníomhaíocht sin, mar aon le hachomhairc agus measúnuithe leantacha, le laghdú leanúnach a chur ar iarratais oscailte agus dul ar aghaidh chuig clárúchán. Tá scrúdú AoPC amháin sceidealaithe do Choslia is Cleachtóir Reatha i mí na Bealtaine 2026 agus leis sin cuirfear na measúnuithe i ndáil le Project Resolve i gcrích.

Oideachas

Tá an Bord Clárúcháin freagrach as cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus a mhonatóiriú ionas go ndéanfaidh siad na caighdeáin riachtanacha le dul ar an gclár a chomhlíonadh, cláir faoina n-ullmhófar gairmithe a gcuid oibre a chleachtadh go sábháilte agus go cumasach.

In 2025, cheadaigh Bord Clárúcháin na gCoslianna an clár oideachais agus oiliúna seo a leanas:

- Máistir Eolaíochta sa Chosmhíochaine (Réamhchlárúcháin), Ollscoil na Gaillimhe (an 18 Samhain 2025)


In 2025, cheadaigh Bord Clárúcháin na gCoslianna an clár oideachais agus oiliúna seo a leanas mar chlár atá oiriúnach agus ar féidir leanúint ar aghaidh leis:

- Baitsiléir Eolaíochta sa Chosmhíochaine, Ollscoil na Gaillimhe (an 18 Samhain 2025)

Bord Clárúcháin na gCoslianna: Freastal na gComhaltaí, 2025

Ainm	Dáta an Chéad Cheapacháin	Dáta éaga	Líon cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu (6 sceidealaithe)	Nótaí
Norma Judge	09/04/2025	15/10/2028	4/4	An Cathaoirleach
Angela McInerney	16/10/2018	15/10/2026	3/3	Athcheaptha 16/10/2022 Éirithe as 17/09/2025
Catherine Clune Mulvaney	16/10/2018	15/10/2026	5/6	Athcheaptha 16/10/2022
Kieran O'Leary	16/10/2018	15/10/2026	3/6	Athcheaptha 16/10/2022
Amanda Walsh	17/04/2024	16/04/2028	4/6	
Georgina Gethin	07/02/2023	15/10/2026	0/3	Éirithe as 17/09/2025
Pauline Wilson	16/10/2024	15/10/2028	6/6	
Sarah Bridgid O'Connell	16/10/2024	15/10/2028	5/6	
Emmett Clarke	16/10/2024	15/10/2028	5/6	
Karen Fahy	17/04/2024	16/04/2028	4/6	
David Watterson	16/10/2018	15/10/2026	6/6	Athcheaptha 16/10/2022
Aonghus O'Loughlin	16/10/2018	15/10/2026	3/6	Athcheaptha 16/10/2022
Damon Gaffney	16/10/2024	15/10/2028	0/6	
Ashlene Reyburn	16/10/2024	15/10/2028	0/1	Éirithe as 19/03/2025
Suzanne McCarthy	17/12/2025	15/10/2026	0/0	

Tabhair do d'aire: Tá éagsúlacht i gceist leis an líon iomlán cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu de réir dátaí ceapacháin, ionduchtú, athcheapachán agus cur i gcrích téarmaí oifige, agus d'fhéadfadh dualgais bhreise a bheith ag comhaltaí do CORU a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhreastal, nó d'fhéadfadh tinneas cosc a chur ar fhreastal.



7

Tuarascáil Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe

An líon ar an gClár:
Radagrafaithe

3,975

+10.36%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

453
Cláraí nua

294
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

174
Beart Cúitimh

1 Chlár Oideachais a ndearnadh monatóireacht air

33
Duine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

53
An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana

1
Fhodhlí Déanta

An líon ar an gClár:
Teiripeoirí Radaíochta

619

+6.17%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

62
Cláraí nua


24
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

7 mBeart Cúitimh

1 Chlár Oideachais a ndearnadh monatóireacht air

13
Dhuine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

14 An líon a baineadh den Chlár toisc nár íocadh táillí athnuachana



Ceapacháin chuig Boird

Ceapacháin

- Jack O'Flanagan an 21 Deireadh Fómhair 2025 (leas an phobail)

Éirithe as

- Bernard McCartan an 23 Iúil 2025 (leas an phobail)

Tá an Bord buíoch de na comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarmaí in oifig in 2025.

Ní raibh folúntas ar bith ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe ag deireadh 2025.

Clárú

Bhí 4,594 cláraí (3,975 Radagrafaí agus 619 Teiripeoir Radaíochta) cláraithe le Bord Clárúcháin na Radagrafaithe an 31 Nollaig 2025. I gcaitheamh na bliana, bhí an Bord ag gníomhú ar aghaidh leis an obair chun iarratais nua a mheas, féachaint le go gcomhlíonfadh na hiarratasóirí ar fad na caighdeáin riachtanacha, cuir i gcás cáilíocht cheadaithe, cumas sásúil teanga agus feidhmiúlacht chun cleachtadh.

In 2025, lean Bord Clárúcháin na Radagrafaithe ar aghaidh ag cur i bhfeidhm agus ag leathnú raon feidhme na gcinntí a fhágtar faoi chúram an Chláraitheora, chun tacú le próiseáil níos éifeachtúla agus ionas go bhféadfaí líon méadaithe iarratas a bhainistiú. Rinneadh 521 cinneadh ar an iomlán le linn na bliana. An Cláraitheoir a rinne 451 (87%) díobh agus an Bord Clárúcháin a rinne 70 (13%) díobh. Tháinig méadú go dtí 745 ar an líon iarratas a fuarthas, mar gheall, go príomha, ar fhás ar iarratais ó radagrafaithe.

Ceadú clár agus monatóireacht orthu

In 2025, cheadaigh Bord Clárúcháin na Radagrafaithe an clár oideachais agus oiliúna seo a leanas mar chlár atá oiriúnach agus ar féidir leanúint ar aghaidh leis:

- Máistir Eolaíochta sa Radagrafaíocht Dhiagnóiseach, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (an 10 Nollaig 2025)

Fodhlíthe

An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe, 2025 (I.R. Uimh. 198 de 2025)

Bord Clárúcháin na Radagrafaithe: Freastal na gComhaltaí, 2025

Ainm	Dáta an Chéad Cheapacháin	Dáta éaga	Líon cruinnithe Boird ar freastalaíodh orthu (9 sceidealaithe)	Nótaí
Niamh Moore	20/02/2020	23/01/2028	9/9	Cathaoirleach athcheaptha 26/02/2024
Joseph McManus	24/01/2024	23/01/2028	5/9	
Ciaran Walsh	20/02/2020	23/01/2028	8/9	Athcheaptha 24/01/2024
Eddie Conran	29/03/2022	28/02/2026	6/9	
Anita O'Donovan	24/01/2024	23/01/2028	7/9	
Margaret Hughes	28/03/2023	23/01/2026	8/9	
Jack O'Flanagan	21/10/2025	23/01/2028	1/2	
Bernard McCartan	19/07/2023	23/01/2028	2/4	Athcheaptha 24/01/2024 Éirithe as 23/07/2025
Deirdre O'Keeffe	08/03/2018	23/01/2026	6/9	Athcheaptha 24/01/2022
David Delaney	24/06/2021	23/01/2026	7/9	Athcheaptha 24/01/2022
Carmel Breaden	17/04/2018	23/01/2026	7/9	Athcheaptha 24/01/2022
Michelle Leech	02/07/2021	28/02/2026	5/9	Athcheaptha 29/03/2022
Dermot Manning	07/05/2020	23/01/2028	6/9	Athcheaptha 24/01/2024
Claire Hogan	02/02/2018	28/02/2026	6/9	Athcheaptha 29/03/2022

Tabhair do d'aire: Tá éagsúlacht i gceist leis an líon iomlán cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu de réir dátaí ceapacháin, ionduchtú, athcheapachán agus cur i gcrích téarmaí oifige, agus d'fhéadfadh dualgais bhreise a bheith ag comhaltaí do CORU a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhreastal, nó d'fhéadfadh tinneas cosc a chur ar fhreastal.



8 Tuarascáil Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh

An líon daoine ar an gClár

4,501

+295%
de mhéadú ó bhí 2024 ann

3,366
Cláraí nua

20,571
Iarratas curtha isteach

0
Beart Cúitimh a Sannadh

14
Iarratasóir Idirnáisiúnta ar Tugadh Aitheantas Dóibh

6 **Chlár Oideachais a Ceadaíodh nó a ndearnadh Monatóireacht Orthu**

6
Dhuine a d'fhág an Clár ar bhonn deonach

2 **Fhodhlí Déanta**

Ceapacháin chuig Boird

Ceapacháin

- Padraic O'Flynn an 6 Bealtaine 2025 (leas an phobail)
- Mark Conway an 25 Meitheamh 2025 (leas an phobail)
- Victoria Anderson an 17 Nollaig 2025 (ag gabháil don oideachas)

Athcheapacháin

